

Forbairt Eacnamaíochta

3.1.1	Réamhrá	70
3.2	Miondíol	92
3.3	Turasóireacht	109
3.4	Tionóiscí Móra a Chosc	118



3.1.1

Réamhrá

Níl macasamhail Chontae na Mí ar fáil ó thaobh an bhuntáiste ar leith atá aici ó thaobh na hiomaíochta in Éirinn, ar na cúiseanna seo a leanas:

- Suíomh straitéiseach laistigh den réigiún is mó fás in Éirinn;
- Cóngarachacht do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath agus a mhargaí;
- Suíomh laistigh de Chonair Bhaile Átha Cliath - Bhéal Feirste;
- Fórsa oibre le hardscileanna;
- Timpeallacht tógtha agus nádúrtha ar ardchaighdeán, agus;
- Costais tithíochta níos ísle.



Ba chóir go gcuirfeadh na buntáistí seo deiseanna san infheistiú tráchtála eacnamaíochta ar fáil. D'ainneoin na mbuntáistí dealraitheacha seo, níl an Mhí ag feidhmiú chomh maith agus a d'fhéadfadh sí mar áit do ghníomhaíochtaí a chruthódh fostaíocht.

Sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (TPRanna) bhí measúnú san áireamh ar fheidhmíocht eacnamaíochta gach contae i MBÁC. Ar na táscairí go bhfuil contae in ann a dhaoine a chothú agus tacú leis tá an cóimheas poist le fórsa oibre .i. líon post atá ar fáil laistigh den chontae i gcoibhneas le líon na ndaoine atá ar fáil chun oibre bunaithe ar thorthaí Dhaonáireamh 2002. Léiríonn na TPRanna nach bhfuil an Mhí ag feidhmiú mar ba chóir. Is é 0.49 an cóimheas poist le fórsa oibre .i. tá an fórsa oibre sa Mhí dhá uair níos mó ná líon na bpost atá ann faoi láthair sa chontae. Meastar gurb ionann an leibhéal inbhuanaithe agus 0.70 - leibhéal a bhaineann Údarás Bhaile Átha Cliath amach tríd is tríd, maille le hÚdarás Chill Dara (ag 0.67). Tá Cill Mhantáin níos cóngaraí do bhaint amach cóimheas inbhuanaithe freisin ag 0.59 (amhail 2002).

Éilíonn forbairt inbhuanaithe sa Mhí go mbeadh níos mó post sa chontae .i. cruthú fostaíochta don daonra cónaithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Baineann na himpleachtaí agus na héifeachtaí sochracha nádúrtha a bheadh ag baint amach méadú fostaíochta leo seo a leanas:

- Cuspóirí na TPRanna a chomhlíonadh a bhaineann le cóimheas níos inbhuanaithe poist le fórsa oibre a bhaint amach;
- Bunús ráta feabhsaithe, leis na feabhsúcháin agus méaduithe gaolmhara ar an gcaipiteal airgeadais atá ar fáil, chun soláthar don bhonneagar sóisialta agus fisiceach is gá do dhaoine an chontae atá ag fás as cuimse;
- Feabhas ar cháilíocht na beatha do dhaoine cónaithe an chontae, le hamanna agus faid chomaitéireachta laghdaithe;
- Laghdú ar bhrú tráchta, éascú ar scaoileadh ár n-acmhainne bonneagair bóithre agus iompair do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta / d'úsáideoirí (seachas do dhaoine a dhéanann comaitéireacht ina ngluaisteáin phríobháideacha); agus
- Feabhas ar chonláistí agus ar an timpeallacht i mbailte agus i sráidbhailte éagsúla sa chontae, a dtrasnaíonn líonraí gnóthacha bóithre iad atá ag freastal ar leibhéil chomhaitéireachta atá ró-ard agus a bhfuil brú tráchta ag baint leo.

Leagann an chaibidil seo amach an straitéis um fhorbairt eacnamaíochta agus fostaíochta do Chontae na Mí do thréimhse an Phlean agus ina dhiaidh. Tá an straitéis bunaithe ar chreatpholasaí a leagadh síos sa Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN) sna Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach (TPRanna) agus i Straitéis Bhord Forbartha Contae na Mí dar teideal 'Le Chéile - An Integrated Strategy for Meath to 2012'.

3.1.2 Comhthéacs

An Straitéis Spáis Náisiúnta

Mar ar cuireadh síos air sna rannóga roimhe seo den Phlean Forbartha Contae, leagtar amach an comhthéacs polasaí maidir leis an Mhí ar an gcéad dul síos sa Straitéis Spáis Náisiúnta (SSN) agus ina dhiaidh sin ar bhonn níos sonraí agus níos mioninste san TPRanna.

Ainmníodh céimiúlacht d'ionaid lonnaithe nuair a bhí doiciméad náisiúnta á hullmhú, a leagfadh amach straitéis a rachadh i bhfeidhm ar fhorbairt agus a threoródh an fhorbairt sin ag leibhéal straitéiseach sa tír. Cuidíonn suíomh an ionaid lonnaithe sa chéimiúlacht sin a chinneadh an cineál agus scála fáis a bheadh ann amach anseo a ndéanfaí soláthar dóibh ann d'fhonn forbairt réigiúnach chothromúil a bhaint amach. Cuimsíonn an fás sin idir fhás cónaithe agus fhás eacnamaíochta. Cuireann an SSN san áireamh go bhfuil méadú ag teacht ar an líon daoine atá ag comaitéireacht achair fhada chun na hoibre agus nach bhfuil sé seo inbhuanaithe agus go bhfuil drochthionchar aige ar cháilíocht na beatha ag daonra an chontae, go háirithe an chuid sin den daonra atá ag obair. Dá bhrí sin, an aidhm atá mar bhonn agus mar thaca ag an SSN ná feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do gach duine dá shaoránaigh, ag tabhairt na bpost níos cóngaraí do na háiteanna ina bhfuil daoine ina gcónaí, ag cur feabhais ar ár gcomhshaol agus ag tógáil toadhcháil láidir inbhuanaithe dúinn féin agus dár leanaí.

Aithníonn an SSN gur bhain na treochtaí a d'aithin sí i ndáil le struchtúr, pátrún agus suíomh na hinfeistíochta eacnamaíochta le bonn scileanna agus acmhainní sa limistéar, chomh maith céanna is a bhain le dreasachtaí airgeadais, a d'fhéadfaí a chur ar fáil.

Chuirge seo, ainmníonn an SSN roinnt treochtaí idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn a bhfuil tionchar mór acu ar shuíomh na bhfiontar, lena n-áirítear:

- An claonadh comhchruinniú teicneolaíochta a bheith ann;
- Mealltar oibrithe oilte i dtreo cuideachtaí i limistéir uirbeacha;
- Tábhacht na seirbhísí a dhaingníonn ról na n-ionad mór daonra ag dul i méid, agus;
- An tábhacht a bhaineann le tacú agus daingniú a dhéanamh ar chumas agus ar cháilíocht an taighde agus na bhfeidhmeanna forbartha i suíomhanna réigiúnacha éagsúla in Éirinn chun earnáil iomaíoch nuálaíoch a chothú.

De bheis air sin, luann an SSN gur dócha go gcruthóidh treochtaí na bhfiontar amach anseo na nithe seo a leanas:

- Cruthófar formhór na bpost nua san earnáil seirbhísí;
- Níos mó tábhachta ag baint le go mbeadh cuideachtaí san earnáil seirbhísí i suíomhanna atá cóngarach do mhórphointí éileamh na gcustaiméirí nó ag na pointí sin;
- Beidh díol suntais níos mó ag baint le seirbhísí áitiúla, le cúram sláinte, le caitheamh aimsire agus turasóireacht de réir mar a théann an daonra in aois agus a mhéadaíonn an t-ioncam indiúscartha;
- An gá atá le hinfeistíocht bhreise a leithdháileadh ar dhearadh taighe, ar nuálaíocht agus ar fhorbairt chun fanacht san iomaíocht agus a bheith inmharthana;
- Beidh limistéir le bonn láidir daonra ar féidir leo tacú le bonneagar ardchaighdeán gnó, le forbairt teicneolaíochta agus le nuálaíocht fós ina mór-mhealtóirí;
- Beidh gá le raon suíomhanna cónaithe ar ardchaighdeán chun fórsa oibre oilte a mhealladh.

Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath.

D'fhoill an cuspóir SSN a bhaint amach poist a mheaitseáil leis na daoine atá ag cónaí in áit, nasctha le forbairt réigiúnach chothromúil, leag na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (TPRanna) amach straitéis chun fás na n-ionad forbartha sainithe a chothú. Tá sé beartaithe go mbeadh na hionaid seo ina bpobail ina bhfuil cothromaíocht ann idir feidhmeanna cónaithe agus feidhmeanna fostaíochta.

Maidir leis an Mhí, cuireann na TRPanna sprioc chainníochtúil ar fáil don Chontae, mar a bhfuil gá méadú ar líon na bpost 'áitiúil' chuig tuairim is 13,000 (faoin mbliain 2010), agus ar an gcaoi sin ag méadú líon na bpost sa chontae ó 31,000 go 44,000. Fiú agus sin bainte amach, bheadh an Mhí fós faoi bhun an chóimheasa inbhuanaithe poist le fórsa oibre (le sprioc 0.57 le haghaidh 2010). Tá an sprioc seo maidir le líon post bunaithe ar fhás na forbartha cónaithe sa chontae ag moilliú atá contrártha leis na réamh-mheastacháin daonra agus tithe cónaithe sa Straitéis Lonnaíochta.

Ainmníonn na Treoirlínte um Pleanáil Réigiúnach ceithre phríomhfheidhm a bhfuil gá leo ionas go mbeadh rath ar MBÁC ag mealladh infheistithe agus tionscail dhúchasacha isteach:

- Bonneagar eacnamaíochta ar ardchaigheán;
- Margadh mór ilchineálach fostaíochta;
- Infhaighteacht an bhonnagair oideachais iomchuí, agus;
- Timpeallacht tógtha ar ardchaighdeán.

Aithníonn na TRPanna ar cheann de na príomhghnéithe i mealladh infheistithe isteach go mbeadh mais chriticiúil fórsa oibre agus scileanna ann. Chuige seo, d'ainmnigh an straitéis cúpla braisle dhinimiciúil phríomhúil. Tugann an t-ainmniú seo aitheantas don dinimiciúlacht uirbeach agus don chaidreamh idir na bailte ann. An sprioc níos fadtéarmaí atá ag na Treoirlínte ná go dtógfadh na hionaid seo dinimiciúlacht agus go gcruthódís a mais chriticiúil féin de bhailte cúntacha.

Ainmníonn na TRPanna dhá bhraisle dhinimiciúla sa Mhí, sa chéad cheann tá an Uaimh, Baile Átha Troim agus Ceanannas, agus sa dara ceann tá Dorcha Dhún Búinne / Chluain Aodha / Luas, Cill Dhéagláin agus Dún Seachlainn. Molanna na TRPanna d'Údarás Phleanála agus iad ag ullmhú a bPleananna Forbartha go gcuirfí san áireamh cuspóirí a fhéachann le forbairt a dhéanamh ar na grúpaí bailte seo mar phobail iomlána inbhuanaithe.

Dá bhrí sin, tá sé mar chuspóir ag an gComhairle, go mbeadh na grúpaí bailte cóngaracha seo, le caitheamh ama, ina bpobail iomlána le gníomhaíochtaí fostaíochta ag leibhéal ard, mórshíopaí agus raon iomlán de ghníomhaíochtaí sóisialta. Tá polasaithe agus cuspóirí mar bhonn agus mar thaca ag straitéisí na Comhairle, a chuireann ar bun na coinníollacha a gcaithfidh na bailte seo a chomhlíonadh chun go mbainfidís amach a bhféinacmhainneacht.

De bheis air sin, agus le haird ar an Mhí a chur san áireamh mar chuid de Dhorchla Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste, chomh maith le deiseanna a shainithint agus a optamú atá ann toisc an bhonneagair reatha nó bheartaithe atá á roinnt ag na lonnaíochtaí, rinne an tÚdarás Pleanála fairsingiú ar phoitéinseal agus ar fhéidearthachtaí na 'mbraislí dinimiciúla'. Déantar mionchur síos orthu seo níos déanaí sa Straitéis seo.

Le Chéile

Mar chuid de Leasú an Rialtais Áitiúil, tá sé de cheangal ar gach Údarás Pleanála, trí mhéan na mBord Forbartha Conate (BFC), straitéis 10 mbliana a cheapadh dá chontae. An cuspóir atá leis an straitéis seo ná (éascú a dhéanamh ar fhriotail a chur ar fhorbairt an chontae agus fócas a chur ar fáil don chomhoibriú

agus chomhordú a chuirfidh feabhas dá réir ar an gcumas an leas is fearr a bhaint as éifeacht na gclár caiteachais) 'facilitate the articulation of a vision for the development of the county' and to 'provide the focus for co-operation and co-ordination which in turn will enhance the capacity for maximising the effectiveness of spending programmes'. An fíorluach a bhaineann leis an straitéis seo ná go gcuireann sé framaíocht ar fáil trínar féidir leis na hÚdaráis Phleanála, et al, comhordú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus bonneagair. Is é 'Le Chéile' Straitéis 10 mbliana na Mí maidir leis seo.

Seo a leanas ráiteas misin an BFC:

Cothú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe Chontae na Mí trí chur chuige atá comhtháite agus cuimsitheach go sóisialta a aithníonn póitínseal eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha an daonra, agus na teorainneacha agus deiseanna a chuireann acmhainní timpeallachta agus eile an chontae ar fáil.

Nuair a bhí an straitéis seo á hullmhú, rinneadh iniúchadh agus anailís ar láidreachtaí, laigí, ar dheiseanna agus ar bhagairtí an chontae (anailís LLDB) maidir le háiseanna agus soláthraithe sóisialta, eacnamaíochta agus pobail, chomh maith leis na héilimh a bhaineann leo sin. Baineadh feidhm as an eolas seo agus rinneadh nuashonrú air de réir mar ba chúig (trí mheán NIRSA agus na Príomhoifige Staidrimh) i gceapadh agus i sainiú phróifíll an chontae vis a vis forbairt eacnamaíochta.

Tá na fhrámaíocht spáis, a gcuirtear síos uirthi in 'Le Chéile' i gcomhréir leis an gceann a cuireadh chun tosaigh sa Phlean Forbartha Contae (2001) agus sa Straitéis Lonnaíochta atá sa Phlean Forbartha Conate seo (Tagair do Rannóg 2.1.7). I measc na bpríomhchuspóirí i Straitéis an Bhoird Forbartha Contae maidir leis seo tá:

- Soláthar comhordaithe ar bhonneagar eacnamaíochta agus sóisialta / cultúrtha chun cuidiú leis na príomhchonair forbartha a bheith ina bpríomhlímistéir fais don Chonate;
- Feabhas a chur ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas na n-earnálacha táirgiúla;
- An Mhí a chur chun cinn mar áit le haghaidh infheistiú isteach san earnáil déantúsaíochta - earnáil a bhfuil luach mór ag baint léi, agus in earnálacha a thrádálann go hidirnáisiúnta;
- Fostaíocht iomlán a chothú agus a mhéadú sna hearnálacha táirgiúla, agus;
- Éagsúlú a chur chun cinn sa gheilleagar tuaithe.

3.1.3 Comthéacs an Pholasáí Straitéisigh

I measc na bpríomhthosaíochtaí go dtí 2012 a ainmníodh in Le Chéile i réimse na forbartha eacnamaíochta, bhí:

- Seirbhís éifeachtach chríochnúil chun freastal ar threochtaí daonra atá ag athrú;
- An Uaimh a fhorbairt mar rogha áite le haghaidh an ghnó do Sheirbhísí Idirnáisiúnta;
- Fás a spreagadh in earnálacha ardteicniúla;
- Go mbeadh áieanna calafoirt ina gcrann taca do mharthanacht agus d'fhás an tionscail áitiúil;
- Daoine faoi mhíchumas a fhostú;
- An geilleagar sóisialta a fhorbairt;
- Freagairt d'fhórsa oibre atá ag athrú;
- Fairsingiú ar an gclár JobClub chun go gcuimseodh sé limistéir thuaithe agus seirbhísí d'fhir os cionn 35 bliain d'aois a chur chun cinn;
- Méadú iomchuí ar an mbonnráta le haird ar an stádas Baile Oidhreacha (Ceanannas & Baile Átha Troim);
- Fostaíocht iomlán a chruthú sa Chontae;
- Caighdeán mhaireachta a fheabhsú;
- Go n-ainmneofaí an Uaimh mar áit a gheobhadh dreasachtaí cánach, agus
- Fairsingiú breise ar fhorbairt na turasóireachta inbhuanaithe sa Mhí a spreagadh.

Ba chóir go ndéanadh an Plean Forbartha, de réir mar is cuí, agus trí mheán phróiseas na bPleanana Limsistéir Áitiúil, formhúiniú ar na cuspóirí seo agus cuidiú go réamhghníomhach le réiteach rathúil a fháil ar na tosaíochtaí seo.

Páirtithe Leasmhara san Earnáil Eacnamaíochta

Tá an iliomad foras agus eagraíochtaí stáit, fó-stáit, príobháideacha agus deonacha ag iarraidh dul i ngleic le forbairt eacnamaíochta sa Chontae. Ní mór don Údarás Pleanála, trí mheán a straitéisí éagsúla, lena n-áirítear a phleananna forbartha agus a phleananna limistéir áitiúil, tosú ag baint úsáide as na gníomhaireachtaí seo chun cuidiú leis leibhéal inbhuanaithe d'fhorbairt eacnamaíochta a bhaint amach sa chontae. Chun é seo a bhaint amach ní mór comhoibriú, comhspríocanna agus comhchuspóirí a bhaint amach idir na gníomhaireachtaí seo, agus ní mór do phleananna an Údaráis Phleanála féin a bheith soiléir agus gan a bheith débhríoch ina gcuspóirí agus a bpolasaithe.

Ainmníonn Le Chéile 15 ghníomhaireacht ar a bhunachar sonraí, a chuireann seirbhísí ar fáil laistigh den earnáil eacnamaíochta i gContae na Mí. I measc na ngníomhaireachtaí atá dírithe go príomha ar ghníomhaíocht eacnamaíochta / fiontraíochta tá;

- An ÚFT agus Fiontraíocht Éireann, a thacaíonn le forbairt fiontar in earnálacha na déantúsaíochta, na próiseála bia agus seirbhísí a thrádáiltear ag leibhéal náisiúnta agus réigiúnach;
- Udarás na Gaeltachta, an ghníomhaireacht um fhorbairt réigiúnach a thacaíonn le gníomhaíocht eacnamaíochta agus chultúrtha i nGaeltachtaí na Mí, agus;
- Bord Fiontar Contae na Mí, a chuireann tacaíocht ar fáil do mhicreafhiontair ag leibhéal an chontae agus ag an leibhéal áitiúil.

I measc na ngníomhaireachtaí a bhíonn ag feidhmiú i réimse na turasóireachta tá:

- Údarás Turasóireachta Limistéar an Chósta Thoir agus Lár Tíre;
- Turasóireacht na Mí, a fheidhmíonn ag leibhéal an chontae, agus;
- Cumainn Lucht Tráchtála (maille le Fóram Gnó & Tionscal na Mí de chuid Chumann Lucht Tráchtála na hUaimhe agus Ionaid Oiliúna Oideachais Ghnó na hUaimhe)

Chomh maith leis sin, tá an Comhairle Contae na Mí i mbun gníomhaíocht eacnamaíochta. Cuireann FÁS mar údarás oiliúna agus fostaíochta seirbhísí ar fáil a chuimsíonn raon earnálacha sóisialta agus eacnamaíochta. Tá ról ag grúpaí a fhaigheann maoiniú ó LEADER agus ADM i bhforbairt an gheilleagair áitiúil.

Déanann siad seo a leanas freastal ar earnáil an gheilleagair talmhaíochta, a bhreithnítear i gCaibidil 6 'Straitéis Tuaithe':

- Teagasc a chuireann seirbhísí oiliúna agus tacaíochta ar fáil;
- Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann;
- Macra na Feirme;
- The Irish Organic Growers' Association, agus;
- By local country markets.

Cuireann baill ICOS, the Irish Cooperative Organisations Society, seirbhísí talmhaíochta suntasacha ar fáil chomh maith le fostaíocht i gContae na Mí. Is ag Glanbia atá an láithreach is mó sa chontae le bunáiteanna trádála sa chontae in Áth Buí agus i mBaile Uilcín. Ag an leibhéal náisiúnta, tá feidhmeanna margaíochta ag An Bord Bia agus An Bord Glas don earnál talmhaíochta-bia.

3.1.4 Próifíl Eacnamaíochta na Mí


Le deich mbliana anuas tháinig athrú mór ar an gContae ó thaobh fás cónaithe de, leasú talmhaíochta agus athruithe agus pátruin ghaolmhara i suíomhanna, leibhéil rannpháirtíochta agus in earnálacha indibhidiúla ina bhfuil daonra an chontae ag obair. Tríd is tríd, i measc phríomhthreochtaí na Mí tá siad seo a leanas:

- Méadú dian agus gan choinne ar an daonra cónaithe, go háirithe an daonra atá in ann don obair (cóhort aoise 25-44);
- Mórghluaiseacht na n-inimrceach as Baile Átha Cliath déanta suas de ghairmithe óga feadh na gcriosanna comaitéireachta;
- IMéadú ar leibhéil fostaíochta / rannpháirtíochta;
- Athrú ar an bpríomhchineál oibre, ó obair a bhí ag baint le tionscail áitiúla nó talmhaíocht áitiúil go hobair bunaithe ar riarachán poiblí / obair oifige / thráchtáil;
- Míchumas cruthú fostaíochta áitiúla coinneáil suas leis an bhfás cónaithe; agus;
- Pátruín chomaitéara suntasach agus neamh-inbhuanaithe.

Cé go bhfuil rátaí rannpháirtíochta na Mí ard go leor, ba chóir a mheabhrrú go bhfuil na leibhéil is airde dífhostaíochta sa chontae ag tarlú i limistéir thuaithe iargúlta. Áiríonn na limistéir seo roinnt d'ardheisceart agus de thuaisceart an Chontae laistigh de thoghcheantar Cheanannais, chomh maith le suíomhanna ó thuaidh ó Shláine agus laistigh de cheantair láir i limistéir mhóra uirbeacha agus i limistéir uirbeacha níos lú amhail Sláine, Damhliag agus An Inse.

Baineann na héagthroimí seo, in a lán cásanna le titim sa ghníomhaíocht san earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta agus méadú in earnálacha eile amhail tráchtáil, riarachán poiblí agus tógáil & foirgníocht. Le linn na tréimhse 1996 – 2002, tharla an céatadán méadaithe is mó in earnálacha amhail tráchtáil (95.4%), riarachán poiblí (67.5%), iompar (60%) agus tógáil & foirgníocht (50%). Tá na suíomhanna seo suite go príomha i mBaile Átha Cliath agus a chomharsanacht. Cé go sáraíonn an earnáil talmhaíochta, foraoiseachta agus iascaireachta an meán náisiúnta pas beag, léiríonn sé titim 35% ó fhigiúr na bliana 1996.

Fíor 2: Céatadán Daonra laistigh den Chóhort Aoise 25-44



Áiríonn an earnáil threasach gníomhaíochtaí mórdhíola agus miondíola, seirbhísí baincéireachta agus airgeadais agus seirbhísí gnó agus tháinig méadú ar a sciar den fhostaíocht iomlán ó 19.4% go 25.9% idir 1996 agus 2002. Tá an fórsa oibre san earnáil seo comhchruinnithe den chuid is mó in oirthear agus i ndeisceart an Chontae .i. feadh chriosanna comaitéireachta an chontae. I measc na ndaoine san earnáil ghairmiúil tá daoine a oibríonn i réimse an oideachais, gairmithe sláinte agus sóisialta, agus tá siad ina gcónaí den chuid is mó i limistéir uirbeacha, lena n-áirítear ceantair chomhaitéireachta san oirthear agus sa deisceart. Bhí pátrún spáis soiléir ann dóibh siúd a oibríonn le riarachán poiblí (6% den fhórsa oibre iomlán) agus iad comhchruinnithe feadh na gcriosanna comaitéireachta in oirdheisceart agus in oirthuaisceart an Chontae chomh maith le limistéar Cheannais.

Ba san éarnáil seirbhísí a bhí an sciar is mó den fhórsa oibre iomlán le tuairim is 66% den fhórsa oibre anois fostaithe san earnáil is gasta fás. Mar is léir ón méid thuas, tá tionchar mór ag inrochtaineacht ar dháileadh na n-oibríthe seirbhíse sa mhéid go bhfuil formhór na seirbhísí (miondíoltóireacht, seirbhísí gnó, seirbhísí pearsanta agus seirbhísí gairmiúla) sna hionaid lárnacha.

Cé gur féidir a admháil go bhfuil buntáiste ag baint le leibhéal arda rannpháirtíochta agus leibhéal ísle dífhostaíochta a bheith ann don phróifíl shocheacnamaíochta, is mór-mhíbhuntáiste é an leibhéal ard comaitéireachta a bhfuil gá leis sa Chontae. Níl an leibhéal comaitéireachta seo inbhuanaithe ar an iliomad bealaí, lena n-áirítear cúiseanna sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil.



Cé go gcuireann achar ama taistil isteach ar cháiliíocht na beatha, tá sé ina chomhartha freisin ar inbhuaíne lonnaithe. Comhartha eile inbhuaíne lonnaithe ná an cóimheas poist, líon iomlán na bpost roinnte ar fhórsa oibre. Cé nach aon ionadh é an éagothroime idir poist agus fórsa oibre lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, is é méid na héagothroime sa Mhí ar ghá dul i ngleic leis, sa mhéid gurb ionann an cóimheas seo agus 0.49 - an ceann is ísle d'aon cheann de na limistéir údaráis áitiúil i MBÁC.

Aithníonn na TPRanna go leanfaidh an chomaitéireacht ó na hionaid forbartha chuig an bPríomhchathair ar aghaidh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma agus áitíonn siad go ndéanfar freastal ar an gcomaitéireacht seo ar chonairí iompair phoiblí a mhéad is féidir. San fhadtéarma leagann na treoirlínte béim ar an ngá atá le daingniú a dhéanamh ar fhorbairt na mbailte sa Chúlchríoch agus é mar aidhm aige seo méadú ar an gcóimheas poist le fórsa oibre i gContae na Mí chuig 0.57 faoin mbliain 2010. In ionann seo agus méadú de 12,840 ar líon na bpost sa Chontae sa tréimhse seo.

Chuir seo, chuir an tÚdarás Pleanála san áireamh na sócmhainní atá ag an gcontae cheana féin agus tá tús curtha aige le clár chun iad seo a chur ar taispeántas ag an taispeántas 'Investment Showcase' ar an 8 Márta 2006 san CHQ i mBaile Átha Cliath.

3.1.5 Anailís LLDB Chontae na Mí

Chuir Le Chéile Anailís LLDB ar fáil (Tábla 9), a leagann béim ar na réimsí agus na sainghnéithe a bhaineann leis an gcontae ar chóir don Údarás Pleanála iarracht a chur chun cinn agus na laigí / bagairtí ar ghá réiteach a fháil orthu.

Tábla 9: Eacnamaíocht na hAnailíse LLDB ar Chontae na Mí

Geilleagar na Mí			
Láidreachtaí	Laigí	Deiseanna	Bagairtí
Tionscail Eastóscacha agus fosú mianraí.	Éifeachtaí ar an gcomhshaol.	Tionscadail tógála áitiúla /réigiúnacha.	Acmhainní finideacha, margaí idirnáisiúnta.
Talamh talmhaíochta den chéad scoth.	Teorainneacha caidhpe ar tháirgí.	REPS, móide táirgeadh orgánach.	Leanúnachas íocaíochtaí díreacha.
Feirmeacha móra a dhíríonn ar chúrsaí tráchtála.	Comhchruinniú d'fheirmeacha imeallacha sa tuaisceart agus san iarthar.	Deiseanna fostaíochta agus infheistíochta lasmuigh den fheirm.	Bainistiú ar dhramhaíl feirme. Fuíollábhar ó mhonarchana cóireála séarachais agus ó thalamh feirme a scaipeadh.
Deiseanna don obair lasmuigh den fheirm agus d'infheistíochtaí.	Róthuilleamhaíoch ar earnálacha tionsclaíochta traidisiúnta.	An Uaimh mar gheata an chontae chun áiseanna a sholáthar agus infheistíochtaí nua amhealladh.	Iomaíocht ó chontaetha eile MBÁC; Moill ar sholáthar roinnt míreanna den phríomhbhonneagar.
Cultúr láidir fiontraíochta, go háirithe san iarthuaisceart.	Leibhéal íseal d'infheistíocht choigríche.	Straitéis Ionnaíochta sa Phlean Forbartha Contae.	Cuspóir 1 stádas Dhroichead Átha, Dhún Dealgan, an Chabháin agus an Mhuillinn Chearr.
Taidisiún ardchaighdeán san earnáil troscáin.	Céatadán íseal fostaíthe in ardearnálacha.	Fórsa oibre le sárscileanna.	Uathoibriú ar thionscail thraidisiúnta atá dian ar shaothar.
Rochtain ar fhórsa oibre le sárscileanna.	Ábhar íseal-scileanna i dtionscail agus leibhéal íseal caiteachais ar T&F agus Ollbheis Luach Íseal in aghaidh an oibrí.	Brú ar go ndéanadh gnólachtaí ón earnáil phríobháideach i mBaile Átha Cliath díláru go straitéiseach.	Bonneagar sóisialta agus fisiceach iomchuí in easnamh.
Cúlsoláthar talún tionsclaíoch le seirbhísí san Uaimh, srl.; Fobairtí le déanaí i seirbhísí idirnáisiúnta.	Gan tionscal ceannródaíoch a bheith ann.	Soláthar seir bhísí agus comhchodanna do ghnólachtaí níos mó i mBaile Átha Cliath.	Iomaíocht ó shuíomhanna le seirbhísí i gcontaetha eile
Nithe den chéad scoth le díol spéise do thurasóirí.	Turasóireacht róthuilleamhaíoch ar chuairoteoirí lae.	Seach-chuideachtaí ó fhás ar thurasóireacht i mBaile Átha Cliath; Éileamh níos mó ar thurasóireacht sainspéise & ghníomhaíocht bhunaithe, m.sh. eachaíocht, siúlóid, rothaíocht, slatiascaireacht srl.	Brúnna neamh-inbhuanaithe turasóireachta; Easpa glactha le deiseanna infheistíochta i bhforbairt turasóireachta / easpa fiontraíochta.
Institiúid Tríú Leibhéal i gcontaetha cóngaracha.	Gan aon ionad tríú leibhéal sa chontae.	Áis for-rochtana.	Iomaíocht le haghaidh acmhainní.
Comhaontú ar Straitéis Réigiúnach um Bainistíocht Dramhaíola.	Gá le tuilleadh comhordúcháin.	Buntáiste eacnamaíochta le hinfeistíocht bhreise a mhealladh.	Réigiún éagsúla in easaontas .i. gan a bheith de réir a chéile maidir le teorainneacha réigiúnacha don bhainistíocht dramhaíola agus don phleanáil dramhaíola.

Geilleagar na Mí (ar lean)			
Láidreachtaí	Laigí	Deiseanna	Bagairtí
Áit mhealltach le cónaí inti - d'fhéadfaí fónamh a bhaint as saol tuaithe agus uirbeach araon.		Úsáid a bhaint as TFC chun cuidiú le forbairt ar na ceantair is iargúlta; TFC mar fheithicil do roinnt an eolais faoi thacaí gnó.	Teacht chun cinn an 'sean' v an 'nua' i limistéir eacnamaíochta an chontae; Tacaí cúraim leanaí uireasacha ag cosc na mban ar pháirt a ghlacadh san fhórsa oibre.
Cóngarachacht do chalafoirt agus d'aerfort Bhaile Átha Cliath.	Srianta bonneagair: - cáillíocht na mbóithre - gan nasc iarnróid a bheith ann leis an Uaimh; soláthar leictreachais; - línte TFC go háirithe i limistéir thuaithe; - cumas cóireála uisce agus séarachais ag príomh shuíomhanna. Droch-chaiagheán iompair phoiblí.	Clár bonneagair PFN.	Moill ar sholáthar príomh-mhéireanna bonn eagair.
Roinnt mhaith gníomhaireachtaí tacaíochta ann chun cuidiú le gach earnáil: Oiliúint, Táirge Margaíochta - Forbairt; Forbairt Bainistíochta & Gnó agus cúnamh Airgeadais.	Easpa eolais / feasachta maidir leo seo laistigh & lasmuigh den Chontae.	Gníomhaireachtaí tacaíochta fiontar ag díriú níos mó ar dháileadh spásúil na dtionscadal.	Leibhéil níos mó cúnamh sna contaetha i Réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair.

I dTábla 10 ar an leathanach thall déantar measúnú ar na critéir iomchuí a mhealann infheisteoirí ar leith i gcomparáid leis na ceanglais a bhaineann le húsáidí éagsúla amhail oifig mhór, oifig bheag, agus aonaid do ghnó atá ag tosú, tionscal éadrom, loghistic agus tionscal trom. Déantar an gá atá le gach critéar a mheas i gcomparáid le cúig earnáil a chruthaíonn fostaíocht agus luaitear figiúr le gach ceann ar scála áit arb é 10 'tá gá leis' agus 0 'níl gá leis'. Cuidíonn an mhaistrís le cinneadh a dhéanamh cén suíomh is oiriúnaí le haghaidh gach gníomhaíochta eacnamaíochta, .i. an cóir iad a threorú i dtreo Bailte Móra Fáis, suíomhanna straitéiseacha nó an féidir freastal orthu in aon chuid den Chontae.

Tábla 10: Maitrís chun Úsáidí Forbartha Eacnamaíochta a Mheas i gComparáid le Critéir Suímh

Critéir Measúnaithe Suímh	Oifig Mhór	Oifig Bheag & Gnóthaí Nua	Éadrom Tionscal	Loighistic	Trom Tionsclaíochta
Fórsa Oibre Ardoilte ar Fáil	10	5	0	0	5
Foirgnimh oiriúnacha nó suíomhanna oiriúnacha ar fáil	10	5	5	10	10
Leathanbhanda	10	5	5	5+	5
Rochtain ar Mhótarbhealach	5	0	0	10	5
Rochtain ar Iarnród	5	0	0	10	5
Rochtain ar Chalafort	0	0	5	10	5
Rochtain ar Aerfort	10	5	0	10	5
Diúscairt Uisce Dramhaíola	0	0	5	0	10
Cumhacht Throm	0	0	5	5	10
Gás	0	0	0	0	10
Cóimhes Lota (spás móide foirgneamh)	0	0	5	10	10
Naisc Iompair: Daoine isteach / amach	10	5	5	0	0
Naisc Iompair: E arraí isteach / amach	0	5	5	10	10
Cóngarachtaí do Choláiste 3ú Leibhéal	10	10	0	0	5
Mealltacht an tsuímh, na timpeallachta & na n-áiseanna áitiúla	10	10	5+	5+	5
Riachtanas Foriomlán	Bailte Móra	"Téigh i n Aon Áit"	"Téigh in Aon Áit"	Suíomh Straitéiseach	Suíomhoiriúnaithe
Cineál Gnó	Dian ar líon daoine	Dian ar líon daoine	Daoine agus Táirge	Dian ar Tháirge agus Béim ar Dhaoine	Dian ar Tháirge

3.1.6 Fostaíocht sa Todhchaí, Fiontar & Straitéis Eacnamaíochta

Bhí aird ag an Údarás Pleanála ar an gcomhthéacs náisiúnta agus réigiúnach, ar an bpróifíl shocheacnamaíochta agus ar an ngá atá le soláthar do chruthú fostaíochta áitúil faoi réir pleanáil iomchuí agus forbairt inbhuanaithe an limistéir agus an Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíochta á hullmhú.

Sprioc

Cur le hiomaíochas agus le háilleacht Chontae na Mí ionas go mbeidh sé ar cheann de na príomhálaitheanna sa tír ina ndéanfar infheistiú atá cruthaithe ag eacnamaíocht agus fostaíocht dhúchasach agus eachtrach araon.

Polasaithe Straitéiseacha

FORB EAC PS 1

Éascú agus spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt na mbaislí dinimiciúla (a ainmníodh i Rannóg 3.1.7 thall), ar bhealach a chuideodh le cruthú na maise criticiúla, ó thaobh an daonra chónaithigh agus na ngníomhaíochtaí eacnamaíochta de, ar leor iad chun an fairsingiú atá beartaithe a dhéanamh ar an earnáil eacnamaíochta sna hionaid sin a chothú.

FORB EAC PS 2

Forbairt eacnamaíochta agus fostaíochta de gach cineál a spreagadh ar fud an chontae, go háirithe sna bailí dinimiciúla atá ainmnithe, ar scála agus ar bhealach atá oiriúnach don suíomh roghnaithe agus faoi réir na ngnáthchoinníollacha pleanála, agus de réir na pleanála agus na forbartha inbhuanaithe cuí don limistéar sin.

FORB EAC PS 3

Contae na Mí a chur chun cinn go réamhghníomhach mar shampla d'áit le hinfheistiú inti agus deiseanna eacnamaíochta agus forbartha cuí a spreagadh laistigh de pharaiméadair Phlean Forbartha Chontae na Mí.

Ag féachaint le feidhmiú mar fhórsa don infheistíocht isteach, tá sé beartaithe ag an Údarás Pleanála coscairí inmheánacha ar fhorbairt eacnamaíochta sa chontae atá ainmnithe a bhaint agus cuidiú le forbairt gach earnála eacnamaíochta ach na cuspóirí a bhaineann leis a chur i bhfeidhm a bhaineann le:

- Soláthar talún atá criosaithe go sásúil agus suíomhanna tráchtála agus tionsclaíochta le seirbhísí, ag suíomhanna ardchaighdeán ar fearr le tionscail iad, laistigh de na hionaid a roghnaíodh le haghaidh fáis amach anseo;
- Suíomhanna a ainmniú áit a bhfuil solúbthacht sa rangú criosaithe indéanta agus inmhiannaithe, ar bhealach a bhainfeadh bacainní teicniúla nach bhfuil gá leo go háirithe na cineálacha a bhaineann le forbairt;
- Cur chun cinn a dhéanamh ar chothromaíocht a fháil idir poist agus daonra le bailí dinimiciúla uirbeacha ainmnithe ar fud an Chontae;
- Criosú ar thalamh atá criosaithe go himleor do thithe cónaithe le dlúis níos airde úsáide talún sna dobharcheantair le córais iompair phoiblí ar ardchaighdeán agus cóngarach do shuíomhanna fostaíochta, chun a chinntiú go bhfuil mais chriticiúil fórsa oibre agus scileanna ar fáil chun freastal ar riachtanais a chruthóidh fostaíocht;
- Timpeallacht tógtha agus nádúrtha ar ardchaighdeán a sholáthar atá mealltach d'infheisteoirí agus á éascódh an fórsa oibre réamh-mheasta;
- Soláthar a dhéanamh ar an mbonneagar fisiceach a bhfuil gá leis;
- Cineálacha lonnaithe le meascán d'úsáidí a spreagadh ina mbeadh tithe agus fostaíocht cuíosach cóngarach dá chéile, agus;
- Áiseanna oideachais agus taighde maithe a sholáthar ag suíomhanna iomchuí.

I gceapadh a pholasaithe chun fostaíocht agus tionscail a chur chun cinn, tá sé mar aidhm ag an bPlean Forbartha fónamh a bhaint as a shuíomh straitéiseach agus a bhuntáistí iomaíochta fad is a fhéachann sé lena chomhshaol a chosaint ó na tionchair dhochracha a d'fhéadfadh tarlú.

POLASAITHE

POL EAC 1	Forbairt eacnamaíochta agus fás fostaíochta an Chontae a éascú ach tacú le cur i bhfeidhm a chuspóirí mar atá luaite i Straitéis Bhord Forbartha Contae na Mí 'Le Chéile' i gcomhar leis na gníomhaireachtaí iomchuí.
POL EAC 2	Braisliú gnóthaí agus gnólachtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear na gnóthaí agus gnólachtaí a bhíonn i mbun gníomhaíochtaí idirghaolmhara agus i speisialú ardfháis, dian ar eolas agus teicn eolaíochtbhunaithe.
POL EAC 3	Limistéir straitéiseacha a chur ar leataobh agus a fhorbairt laistigh den chontae a fhaigheann leas ón mbonneagar reatha agus beartaithe iompair agus ón daonra ardoilte mar shuíomhanna atá dian ar líon daoine agus dian ar ghnó.
POL EAC 4	A chinntiú go bhfuil méid agus raon imleor de chuspóirí um chriosú na húsáide talún ar fáil le haghaidh tionscal a bhfuil riachtanais éagsúla acu.
POL EAC 5	Nuair atá Pleananna Limistéir Áitiúil á n-ullmhú le haghaidh na n-ionad sna Braislí Dinimiciúla déanfaimid ár ndícheall riachtanais soghluaisteacha éagsúla na ngnóthaí a mheaitseáil le hinrochtaineacht na suíomhanna éagsúla ach tailte iomchuí a chriosú d'úsáidí atá dian ar líon daoine agus ar úsáidí. Nuair atá na suíomhanna sin á n-ainmniú, tabharfar aird ar Thábla 10 'Maitrís chun Úsáidí Forbartha Eacnamaíochta a Mheas i gComparáid le Critéir Suímh'.
POL EAC 6	A chinntiú go gcuirtear an bonneagar iomchuí ar fáil lena n-áirítear seirbhísí, bóithre, córais iompair phoiblí, soláthar leictreachais agus teileachumarsáide, bonneagar oiliúna agus tithíochta.
POL EAC 7	A chinntiú go ndéantar comhtháthú ar shuíomhanna fostaíochta le húsáidí talún eile agus leis an líonra iompair, agus go háirithe, a chinntiú go bhfuil úsáidí talún atá dian ar shaothar suite cóngarach do bhealaí straitéiseacha reatha agus beartaithe, nuair atá iompar poiblí inmharthana.
POL EAC 8	Oifigí áitiúla nó beaga a mhealladh chuig ionaid áitiúla / chomharsanachta.
POL EAC 9	A chinntiú go soláthraítear dóthain aonad i bpáirceanna tionsclaíochta / gnó do ghnóthaí nua / atá ag tosú.
POL EAC 10	A chinntiú go bhfuil dóthain tailte atá críosaithe agus a bhfuil seirbhísí ag gabháil leo d'úsáidí a chruthaíonn fostaíocht, arna chur síos i gcéimíúlacht lonnaithe sa Phlean Forbartha Contae (féach Rannóg 2.1.7) ar fáil chun freastal ar an daonra áitiúil.
POL EAC 11	Cur chuige solúbtha a chur i bhfeidhm maidir le criosú talún do ghnóthaí atá ag tosú agus do ghníomhaíochtaí tionsclaíochta ar scála éadrom agus a chruthaíonn fostaíocht, nuair is féidir a léiriú nach mbeadh ach tionchar an-bheag ag an úsáid bheartaithe ar na húsáidí atá cóngarach di, go príomha maoin chónaithe.

Chomh maith le cur i bhfeidhm na bpolasaithe atá liostáilte thuas, tá sé follasach go bhfuil roinnt gnéithe a bhfuiltear den tuairim gur réamhriachtanais iad do mhealladh forbairt nua eacnamaíochta agus fostaíochta agus feabhas a chur ar scála agus ar iomaíochas na ngnólaí reatha.

CUSPÓIR STRAITÉISEACH

FORB EAC CS 1

Straitéis Spáis Théamach a ullmhú le haghaidh na forbartha agus na fiontraíochta tionsclaíochta a dhéanfaidh ainmniú agus forbairt áit a bhféadfaí leas a bhaint as braislí suntasacha cumhachta, bóithre, uisce agus gáis sa chaoi is go mbeadh tábhacht náisiúnta ag baint leo ó thaobh a bheith ag freastal ar fhostaíocht ar scála mór le breisluach ach fós féin ag seachaint na gcoinbhleachtaí comhshaoil agus pleanála a d'fhéadfadh tarlú; Ba chóir go n-áireodh an próiseas measúnú ar na hionaid tionsclaíochta / fostaíochta reatha lasmuigh de na limistéir uirbeacha sheanbhunaithe agus i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara sa limistéar. Ar an gcéad dul síos, déanfar scrúdú ar oirthear agus ar oirdheisceart an Chontae.

POLASAITHE

POL EAC 12 Uasleas a bhaint as cúlsoláthair talún straitéiseacha féideartha laistigh den chontae a bhfuil bonneagar agus scileanna maith iontu, de réir na bpolasaithe a bhaineann le Braislí Dinimiciúla a chruthú.

POL EAC 13 Leanúint ag soláthar rogha chónaithe a mheallann daonra cónaithe / fórsa oibre ardoilte a bhfuil oideachas orthu.

POL EAC 14 Aitheantas an Chontae a fhorbairt agus a dhaingniú ach uasleas a bhaint as na sócmhainní intreacha amhail suíomh straitéiseach, timpeallacht ardchaighdeán agus oidhreacht tógtha agus nádúrtha

POL EAC 15 Feabhas a chur ar naisc iompair agus chumarsáide sna braislí uirbeacha dinimiciúla ainmnithe agus idir an contae agus contaetha eile, go háirithe na geataí agus na moil sna contaetha tadhlaacha.

POL EAC 16 A chinntiú go gcomhlíonann limistéir thuaithe agus uirbeacha araon a ról i bhforbairt an chontae a thiomáint ar bhealach cothromúil agus inbhuanaithe.

3.1.7 Braislí Dinimiciúla

Cé gur fhorbairt roinnt páirceanna gnó ag suíomhanna ar fud an Chontae lena n-áirítear an Uaimh, Baile Átha Troim, Ceanannas, Cill Dhéagláin, Dún Búinne agus Dún Seachlainn, níor fhan leibhéal na forbartha eacnamaíochta agus fostaíochta ag an luas céanna leis an bhforbairt cónaithe agus leis na leibhéil arda chomaitéireachta chuig an gCeantar Uirbeach.

Ag cur san áireamh nach bhfuil na pátrúin taistil reatha inbhuanaithe ná tairbheach ó thaobh na heacnamaíochta de, baineann ceann de phríomhaidhmeanna na Straitése Spáis le poist a thabhairt níos cóngaraí don áit ina bhfuil daoine ina gcónaí. Mar sin tá sé mar phríomhghné den Phlean seo go gcomhchruinneofaí forbairt fostaíochta nua laistigh den chéimíúlacht lonnaithe reatha, tacaithe ag daonra seanbhunaithe agus óg atá ag fás de dhaoine ardoilte.

Tharla na méaduithe daonra ba mhó le linn na tréimhse 1996-2002 laistigh de chúlchríocha na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Ceanannais, i limistéar atá san iardheisceart agus atá ina aice leis an N4, agus dhá limistéar ar leith in oirthear an chontae, An Inse / Baile an Bhiataigh agus Dún Búinne / Ráth Tó / Cill Dhéagláin. Mar sin, díreoidh an tÚdarás Pleanála ar an gcéad dul síos ar na limistéir seo, ag déanamh a dhíchill frámaíocht agus timpeallacht a sholáthar a chothódh, ar deireadh thiar thall, féinacmhainneacht na n-ionad nó na ngrúaí ionad seo. Chuige seo, sainaitníodh an coincheap 'braislí dinimiciúla' ar an gcaoi is fearr an aidhm seo a bhaint amach maidir le curthú post áitiúil. Mar ar luadh i Rannóg 3.1.2, d'ainmnigh na TPRanna príomhghnéithe a théann i bhfeidhm ar infheistíocht eacnamaíochta / infheistíocht a chruthaíonn fostaíocht. Bhí gá le 'mais chriticiúil' do na gnéithe seo, bíodh an mhais sin i bhfoirm fórsa oibre nó dóthain daonra chun tacú le seirbhísí coimheacha, amhail siopaí, bainc, bialanna, scoileanna, iompar, srl. Tá ionaid uirbeacha na Mí mór go leor chun tacú le soláthar nó cruthú gach cineáil seirbhísí laistigh de gach ionad ar leith. Le caitheamh ama, ámh, chuir na hionaid seo caidrimh shiombóiseacha ar bun le hionaid chongaracha ag soláthar seirbhísí agus úsáidí éagsúla ach comhlántacha laistigh de gach ceann. Ar an gcaoi seo, má amharctar orthu mar chomhcheirtliúchán, cuireann siad 'mais chriticiúil' riachtanach ar fáil chun freastal ar infheistíocht eacnamaíochta / a chruthaíonn fostaíocht agus tacaíonn leis an infheistíocht sin a bhfuil an contae ar a dhícheall a mhealladh.

Éiríonn go maith le Forbairt Eacnamaíochta, mar a tharlaíonn le gach forbairt dea-bhainistithe agus dea-phleanáilte, má tá polasaí soiléir agus céimiúlacht ann do na hionaid don fhás sin. Chuige seo, d'ainmnigh Comhairle Contae na Mí cúig bhráisle dhinimiciúla, ina ndéanfaí forbairt eacnamaíochta a threorú ar an gcéad dul síos. Seo a leanas na suíomhanna sin:

- 1) An Uaimh - B. Átha Troim - Ceanannas
- 2) Mórcheantar Uirbeach (Conair Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas)
- 3) Cill Dhéagláin-Dún Seachlainn-Ráth Tó (Imeall Dheisceart na Mí);
- 4) Conair an M1 (conair eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath- Bhéal Feirste), agus;
- 5) Conair an M4 (Maigh Nuad, Cill Choca, An Bóthar Buí). (Tagair do Léarscáil 3.1.)

Cuireann na suíomhanna seo cóngarach agus rochtain ar fáil don fhórsa oibre oilte, baineann siad an leas is fearr as bonneagar (cibé acu bóithre, iarnród, nó seirbhísí sláinteachais atá i gceist) agus déanann éascú ar sholáthar na bhfeabhsún is tíosaí amhail bonneagar. Ina dhiaidh sin déanfar fostaíocht dhúchasach a shuíomh pé áit a bhfuil gá leis de réir mar atá gá leis agus ar scála atá oiriúnach do na suíomhanna tuaithe.

Ní mór don Údarás Pleanála tógáil ar a shinéirgeacht agus a dhinimiciúlacht nádúrtha, atá ann idir na hionaid, é a chuismiú agus a chur chun cinn. Tá sé riachtanach do gach 'braisle dhinimiciúil' go mbeadh timpeallacht mhaireachtála agus oibre ardluacha aige chun go mbeadh sí mar rogha áite do ghnóthaí seanbhunaithe, do ghnóthaí nua agus do ghnóthaí atá ag fás. Cuireann polasaithe agus cuspóirí an Phlean seo cothromaíocht leathan ar fáil idir soláthar raon imleor tithíochta, leis na feidhmeanna sóisialta agus eacnamaíochta tacúla a bhfuil gá leo, i dtimpeallacht tharraingteach agus soláthar talún d'fhostaíocht nua agus d'fhorbairt eacnamaíochta.

Tábla 11: Braisle Dhinimiciúil 1: An Uaimh - B. Átha Troim - Ceanannas

Braisle Dhinimiciúil Uimh 1:	An Uaimh - B. Átha Troim - Ceanannas
Cuspóir: Straitéis a phleanáil agus a sholáthar a chuirfeadh ar chumas na hUaimhe / Bhaile Átha Troim / Ceanannas feabhas a chur ar a sheasamh mar bhraisle dhinimiciúil phríomhúil an chontae.	
Gníomh	Modh Seachadta
Dóthain talún a chriosú do ghníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht ag suíomhanna oiriúnacha.	Plean Forbartha do na bailte agus na sráidbhailte indibhidiúla.
Tacú le soláthar páirceanna gnó / oifigí ardchaighdeáin.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Forbartha / Caighdeáin agus Forfheidhmiú trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
A chintíú go bhfuil soláthar dóthaineach ann do ghnóthaí nua.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Forbartha / Caighdeáin agus Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
Éascú ar chur i bhfeidhm Staidéar Úsáide Talún & Iompair na hUaimhe (LUTS).	Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, Pleananna Limistéir Áitiúil, Creatphleananna & ceann forbróra.
Conairí a shainaithní, a chosaint agus a sholáthar don iarnród Dún Búinne-An Uaimh.	Comhghrúpa Stiúrtha / Oibre (Fine Gall, An Mhí, Iarnród Éireann, DTO, et al) & Rannpháirt Forbartha Ailt 48 & 49.
Cothú agus soláthar le haghaidh ullmhú Straitéise Spáis Téamúla don bhraisle mar chuid den ionad forbartha.	I gcomhthráth le próiseas an Phlean Forbartha le haghaidh bailte agus sráidbhailte indibhidiúla agus comharsanachta nó mar chuid de Straitéis Fiontar & Fostaíochta.
Comhtháthú agus comh ordú ar rannóga den Údarás Pleanála agus gach soláthraí seirbhíse.	Straitéisí comhtháite agus comhlántacha a fhorbairt - BFC, CPSanna srl.
Infheistíocht dhíreach isteach a chothú laistigh den Uaimh, Bhaile Átha Troim & Ceanannas.	Oibriú leis an ÚFT, go háirithe maidir le Páirc Ghnó an ÚFT san Uaimh.
Tacú le gnóthaí reatha agus iad a spreagadh.	Obair le Cumainn Lucht Tráchtála, srl. Creatphleananna comhleanúnacha comhtháite a ullmhú nó a éascú le haghaidh páirceanna gnó reatha.
Tacú le soláthar imleor cúraim leanaí.	Straitéis cúraim leanaí agus curtha i bhfeidhm go praiticiúil trí mheán an phróisis um bainistíocht forbartha.
An Uaimh a fhorbairt mar ionad siopadóireachta agus Straitéis Mhiondíola Contae a chur i bhfeidhm i ndáil leis an Uaimh-Baile Átha Troim-Ceanannas.	Próiseas Plean Forbartha go háirithe trí ullmhú a dhéanamh ar PLÁ1 agus PLÁ2 don Uaimh, PLÁ Cúl-soláthair Talún i gCeanannas agus PLÁ Fairsingithe Lár an Bhaile do Bhaile Átha Troim.
Iarnród na hUaimhe-Dhroichead Átha a chosaint agus soláthar dó.	Cuspóirí Plean Forbartha agus Plean Limistéir Áitiúil agus srianta maidir le bainistíocht forbartha.
Feabhas a chur ar sholáthar bonneagair shóisialta m.sh. tithíocht, sláinte agus scoileanna.	Próiseas an Phlean Forbartha / an Phlean Limistéir Áitiúil (céimniú ar fhorbairt chónaithe sa chaoi is go ndéanfar soláthar ar bhonneagar shóisialta ag an am céanna le seirbhísí tacaíochta).
Feabhas a chur ar naisc fhisiceacha agus chumarsáide idir an Uaimh-Baile Átha Troim-Ceanannas.	Oibriú le soláthraithe Seirbhísí Poiblí agus Príobháidí. Tionchar a imirt ar chlár náisiúnta agus tosaíochtaí don infheistíocht chaipitil i bpríomhbhonneagar straitéiseach.
Mais chriticiúil fhéinacmhainneach a chruthú.	A chinntiú go ndéantar dóthain tailte a chriosú don iliomad úsáidí, agus go bhfuil dlúis oiriúnach don suíomh agus do na seirbhísí atá ar fáil nó is dócha a bheidh ar fáil.
Na deiseanna atá ann i mBaile Átha Troim agus i gCeanannas, mar Bhaile Oidhreacht, a chosaint agus an leas is fearr a bhaint astu.	Próisis an Phlean Forbartha / an Phlean Limistéir Áitiúil Oibrigh le hOifigeach Turasóireachta na Mí, srl.

Tábla 12: Braisle Dhinimiciúil 2: Dorchla Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas

Braisle Dhinimiciúil Uimh 2:	Mórcheantar Uirbeach Dhorchla Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas
Cuspóir: Straitéis a phleanáil agus a sholáthar a chuideodh le Dorchla Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas an leas is fearr a bhaint as an bpoitéinseal agus na deiseanna a bhaineann lena suíomh straitéiseach laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.	
Gníomh	Modh Seachadta
Dóthain talún a chriosú do ghníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht ag suíomhanna oiriúnacha.	Plean Limistéir Áitiúil do Dhorchla Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas.
Bacainní a bhaint ar fhorbairt ar thailte le haghaidh gníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht.	Plean Limistéir Áitiúil do Dhorchla Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas.
Tacú le soláthar páirceanna gnó / oifigí ardchaighdeán. A chintíú go bhfuil soláthar dóthaineach ann do ghnóthaí nua.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le PLÁ / Caighdeán agus Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
Feabhsúcháin a sholáthar ar sheirbhísí uisce.	Tús áite a thabhairt do bhráiste dhinimiciúil laistigh den 'Chlár um Measúnú ar Riachtanais Uisce', tograí maidir le maoiniú caipitil chuig an RCORA, scéim ranníochtaí, CPP, srl.
Cothú agus soláthar le haghaidh ullmhú IFPLUTS le haghaidh Dhorchla Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas agus Straitéise Spáis Téamúla don bhráiste mar chuid den ionad forbartha.	Creatphlean comhtháite do Staidéar Úsáide Talún & Iompair, ag an am céanna le próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh bailte indibhidiúla.
Soláthar le haghaidh feabhsúcháin ar an mbonneagar straitéiseach bóithre.	Creatphlean Comhtháite do Staidéar Úsáide Talún & Iompair, Tús áite do bhráiste dhinimiciúil laistigh de thograí maoiniúcháin chuig an RCORA, scéim ranníocaíochta, srl. CPPanna.
Iarnród a Shainaithint, a Chosaint agus a Sholáthar le haghaidh Dhún Bóinne / Luas chuig Cluain Saileach agus ar deireadh thiar iarnród Dún Bóinne-An Uaimh.	Comhghrúpa Stiúrtha / Oibre (Fine Gall, An Mhí, Iarnród Éireann, DTO, et al) & Rannpháirt Forartha Ailt 48 & 49.
Uasleas a bhaint as deiseanna a chuireann na stáisiúin iarnróid nua ag Dún Bóinne & Luas ar fáil mar shuíomhanna do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.
Comhordú ar rannóga den Údarás Pleanála agus gach soláthraí seirbhíse.	Straitéisí comhtháite coimhdeacha a fhorbairt. BFC, CPSanna srl.
Infheistíocht choigríche dhíreach a chur chun cinn laistigh de Dhorchla Dhún Bóinne / Chluain Aodha / Luas.	Oibriú leis an ÚFT / Bord Fiontar / Earnáil Phríobháideach, chun páirc ghnó a shainaithint agus a bhunú laistigh den Cheantar Uirbeach, agus leas a bhaint as an Achomhal M3 / Luas.
Tacú le Gníomhaíochtaí reatha agus iad a Spreagadh.	Obair le cumainn lucht tráchtála, srl. Creatphleananna comhleanúnacha comhtháite a ullmhú nó a éascú le haghaidh páirceanna gnó reatha.
Tacú le soláthar imleor cúraim leanaí.	Straitéis cúraim leanaí agus curtha i bhfeidhm go praiticiúil trí mheán an phróisis um bainistíocht forbartha.
Feabhas a chur ar sholáthar bonneagair shóisialta m.sh. tithíocht, sláinte agus scoileanna.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil (céimniú ar fhorbairt chónaithe sa chaoi is go ndéantar soláthar ar bhonneagar sóisialta ag an am céanna le seirbhísí tacaíochta).
Mais chriticiúil fhéinacmhainneach a chruthú.	A chinntiú go ndéantar dóthain tailte a chriosú don iliomad úsáidí, agus go bhfuil dlúis oiriúnach don suíomh agus do na seirbhísí atá ar fáil nó is dócha a bheidh ar fáil, go háirithe ag lárionaid iompair phoiblí atá ann cheana féin nó atá beartaithe.

Tábla 13: Braisle Dhinimiciúil 3: Cill Dhéagláin - Dún Seachlainn - Ráth Tó

Braisle Dhinimiciúil Uimh 3:	Cill Dhéagláin - Dún Seachlainn - Ráth Tó
Cuspóir: <i>Straitéis a phleanáil agus a sholáthar a chuirfeadh ar chumas Chill Dhéagláin-Dhún Seachlainn-Ráth Tó feabhas a chur ar a sheasamh mar cheann de bhraislí dhinimiciúla lárnacha an chontae.</i>	
Gníomh	Modh Seachadta
Dóthain talún a chriosú do ghníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht ag suíomhanna oiriúnacha.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh bailte indibhidiúla.
Tacú le soláthar páirceanna gnó / oifigí ardchaighdeán.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Forbartha / PLÁ / Caighdeán agus Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
A chintíú go bhfuil soláthar dóthaineach ann do ghnóthaí nua.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Forbartha / PLÁ / Caighdeán agus Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
Sainaitheint agus cothú a dhéanamh ar ról shainiúla le haghaidh Chill Dhéagláin, Dhún Seachlainn agus Ráth Tó, agus cuidiú le margaíocht, curthú na maise criticiúla agus dúbláil a sheachaint ar an mboneagar agus na seirbhísí riachtanacha.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh bailte indibhidiúla. Comhoibriú le hOifigeach Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Contae na Mí, le Cumainn Lucht Tráchtála, le forbróirí na bPáirceanna Tionsclaíochta / Gnó, srl.
Uasleas a bhaint as na buntáistí a bhainfeadh leis an iarnród atá beartaíte idir Dún Búinne agus Cluain Saileach.	Oibriú le soláthraithe poiblí agus príobháideacha iompair poiblí, srl. Tagair do IFPLUTS / Straitéis Spáis Théamúil.
Cothú agus soláthar le haghaidh ullmhú IFPLUT le haghaidh Chill Dhéagláin, Dhún Seachlainn agus Ráth Tó agus Straitéise Spáis Téamúla don bhraisle mar chuid den ionad forbartha.	I gcomhthráth le próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh na mbailte indibhidiúla agus a gcomharsanachtaí.
Comhordú ar rannóga den Údarás Pleanála agus gach soláthraí seirbhíse.	Straitéisí comhtháite coimhdeacha a fhorbairt. BFC, CPSanna srl.
Iniúchadh a dhéanamh ar úsáidí talún ag timpealláin atá ann faoi láthair ag Ráth agus Nine-Mile Stone ag féachaint le treorú agus bainistiú a dhéanamh ar a bhforbairt amach anseo i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara iomchuí lena n-áirítear an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. Beidh gá a chur san áireamh san iniúchadh an gá atá ann an cumas iompair agus an infheistíocht reatha sa líonra bóithre náisiúnta a chosaint.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh bailte indibhidiúla.
Infheistíocht choigríche dhíreach a chothú i gCill Dhéagláin.	Oibriú leis an ÚFT, srl.
Tacú le gnóthaí reatha / Páirceanna Tionsclaíochta & Gnó agus iad a spreagadh, go háirithe i gCill Dhéagláin agus i nDún Seachlainn.	Obair le Cumainn Lucht Tráchtála, srl. Creatphleananna comhleanúnacha comhtháite a ullmhú nó a éascú le haghaidh páirceanna gnó reatha.
Tacaíocht a chur ar fáil agus soláthar do fheabhsú agus éagsúlú an tionscail eachaíochta agus na dtionscal bainteach i Ráth Tó.	Oibriú le húinéirí talún / le forbróirí ag Tigh na Síog agus Tatterstalls, srl, agus le cumainn lucht tráchtála áitiúla, leis an oifigeach turasóireachta, le heagraíocht eachaíochta / tionscnóirí eachaíocht, srl.
Tacú le soláthar imleor cúraim leanaí.	Straitéis cúraim leanaí agus curtha i bhfeidhm go praiticiúil trí mheán an phróisis um bainistíocht forbartha.
Cill Dhéagláin a fhorbairt mar ionad siopadóireachta réigiúnach agus Straitéis Mhiondíola Contae a chur i bhfeidhm i ndáil leis an mbraisle seo.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.
Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna fostaíochta i nDún Seachlainn toisc feabhas a bheith ar an mboneagar iompair m.sh. M3 agus iarnród nua féideartha mar chuid de spor Dhún Búinne-na hUaimhe.	Athbhreithniú TPR, Iarnród Éireann agus próiseas an PLÁ.

Feabhas a chur ar sholáthar bonneagair shóisialta m.sh. tithíocht, sláinte agus scoileanna.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil (céimniú ar fhorbairt cónaithe sa chaoi is go ndéanfar soláthar ar bhonneagar sóisialta i gcomhthráth le seirbhísí tacaíochta).
Feabhas a chur ar naisc chumarsáide agus fhisiceacha idir Cill Dhéagláin - Dún Seachlain - Ráth Tó.	Oibriú le soláthraithe seirbhíse poiblí agus príobháidí. Dul i bhfeidhm ar an rialtas lárnach agus oibriú leis chun tús áite a thabhairt do thionscadail a chuireann chun cinn ár bpríomhbhailte fáis agus ár mbraislí dinimiciúla.
Mais chriticiúil a chruthú a chinntíonn go ndéantar criosú ar dhóthain tailte d'ilchineálachacht úsáidí, agus go bhfuil na dlúis oiriúnach le haghaidh gach suímh.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

Tábla 14: Braisle Dhinimiciúil 4: Dorchla Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath - Bhéal Feirste

Braisle Dhinimiciúil Uimh 4:	Dorchla Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste / Conair an M1
Cuspóir: <i>Straitéis a phleanáil agus a sholáthar a chuideodh le hOirthear na Mí an leas is fearr a bhaint as an bpoitéinseal agus na deiseanna a bhaineann lena suíomh straitéiseach laistigh de Limistéar Dhorchla Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste.</i>	
Gníomh	Modh Seachadta
Dóthain talún a chriosú do ghníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht ag suíomhanna oiriúnacha.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh Dhroichead Átha, Oirthear na Mí Thuaidh agus Theas; Tailte a sholáthar ag Baile Mhic Gormáin le haghaidh gníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht mar chuid den PLÁ amach anseo.
Soláthar le haghaidh saoiléadh talún criosaithe agus é seo a spreagadh ar thailte iad a chruthaíonn fostaíocht, go háirithe i mBaile Mhic Gormáin.	Próiseas um bainistíocht forbartha. Oibriú le húinéirí talún / forbróirí, le hÚdarás Poirt Dhroichead Átha agus leis an RCORA.
Tacú le soláthar páirceanna gnó / oifigí ardchaighdeán.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Limistéir Áitiúil / Caighdeán agus Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
A chintíú go bhfuil soláthar dóthaineach ann do ghnóthaí nua.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Limistéir Áitiúil / Caighdeán & Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála
Feabhsúcháin a sholáthar ar sheirbhísí uisce.	Tús áite a thabhairt do bhraisle dhinimiciúil laistigh den 'Chlár um Measúnú ar Riachtanais Uisce', tograí maidir le maoiniú caipitil chuig an RCORA, scéim ranníocaíochtaí, CPPanna, srl. Iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar féideartha ar WwTP i mBaile Mhic Gormáin.
Cothú agus soláthar le haghaidh ullmhú IFPLUTS le haghaidh Oirthear na Mí agus Dhroichead Átha agus Straitéise Spáis Téamúla don bhraisle mar chuid den ionad forbartha.	Staidéar um Úsáid Talún Comhtháite & Iompair, i gcomhthráth le próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh bailte indibhidiúla.
Feabhsúcháin a sholáthar don bhonneagar straitéiseach bóithre, m.sh bóthar nasctha M1-N1.	Creatphlean Comhtháite do Staidéar Úsáide Talún & Iompair, Tús áite do bhraisle dhinimiciúil laistigh de thograí maoiniúcháin chuig an RCORA, scéim ranníocaíochta, CPPanna, srl.
Uasleas a bhaint as deiseanna a bhaineann le go bhfuil iarnród lastais agus paisnéirí ann go Baile Átha Cliath agus iarnród lastais go dtí an Uaimh. Sainaithint agus cosaint a dhéanamh ar stáisiúin iarnróid a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseomail le háiseanna saorpháirceála agus taistil, srl)	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil. Staidéar um Úsáid Comhtháite Talún & Iompair. Oibriú le hIarnród Éireann, OIBÁC, et al & Ranníocaíochtaí Forbartha Ailt 48 & 49.

Comhordú ar rannóga den Údarás Pleanála agus gach soláthraí seirbhíse.	Straitéisí comhtháite coimhdeacha a fhorbairt. BFC, CPSanna srl.
Infheistíocht choigríche isteach a chur chun cinn i nDroichead Átha agus i mBaile Mhic Gormáin go háirithe.	Oibriú leis an ÚFT / Bord Fiontar / Earnáil Phríobháideach, chun páirc ghnó a shainaithint agus a bhunú laistigh den Cheantar Uirbeach tadhlaigh, agus leas á bhaint as an Achomhal M1.
Tacú le gnóthaí reatha agus iad a spreagadh.	Obair le Cumainn Lucht Tráchtála, le forbróirí srl. Creatphleananna comhleanúnacha comhtháite a ullmhú nó a éascú le haghaidh páirceanna gnó reatha.
Tacú le soláthar imleor cúraim leanaí.	Straitéis cúraim leanaí agus curtha i bhfeidhm go praiticiúil trí mheán an phróisis um bainistíocht forbartha.
Feabhas a chur ar sholáthar bonneagair shóisialta m.sh. tithíocht, sláinte agus scoileanna.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil (céimniú ar fhorbairt chónaithe sa chaoi is go ndéanfar soláthar ar bhonneagair sóisialta i gcomhthráth le seirbhísí tacaíochta).
Carachtar an chontae agus na buntáistí a bhaineann leis a shainaithint agus a chosaint (straitéis an chreasa ghlaist nó a chomhionann).	Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha, PFC agus próiseas an PLÁ. Comhtháthú agus comhordú le húdaráis thadhlaigha
Mais chriticiúil fhéinacmhainneach a chruthú .i. A chinntiú go ndéantar dóthain tailte a chriosú don iliomad úsáidí, agus go bhfuil dlúis oiriúnach don suíomh agus do na seirbhísí atá ar fáil nó is dócha a bheidh ar fáil, go háirithe ag lárionaid iompair phoiblí atá ann cheana féin nó atá beartaithe.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

Tábla 15: Baisle Dhinimiciúil 5: Dorchla an M4

Baisle Dhinimiciúil Uimh 5:	Dorchla an M4
Cuspóir: <i>Straitéis a phleanáil agus a sholáthar a chuideodh le hiardheisceart na Mí an leas is fearr a bhaint as an bpoitéinseal agus na deiseanna a bhaineann lena suíomh straitéiseach laistigh de Dhorchla an M4.</i>	
Gníomh	Modh Seachadta
Dóthain talún a chriosú do ghníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht ag suíomhanna oiriúnacha.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh Mhaigh Nuad, Chill Choca, An Bhóthair Bhuí, agus Chionn Átha Gad.
Soláthar le haghaidh tionscail ardteicniúla / bheiteicniúla i bhforbairt i stíl champais nasctha le OÉ Má Nuad ar thailte Dhiméin Carton.	Eascú a dhéanamh ar ullmhú agus ar ghlacadh Máistirphlean / Creatphlean le haghaidh thailte Dhiméin Carton. In ullmhú Máistirphlean tabharfar aghaidh ar phleanáil iomchuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe an limistéir, caomhnú ar charachtar Dhiméin Carton agus ar sholáthar an bhonneagair fhisicigh atá riachtanach. Oibriú le húinéirí talún (i limistéar Carton / Moygaddy), le fostóirí san earnáil ardteicniúil / le gnóthaí agus le hoideachasóirí (T&F).
Uasleas a bhaint as deiseanna a bhaineann lenár suíomh atá cóngarach d'fhórsa oibre ardoilte a bhfuil oideachas orthu agus cnuasach post féideartha toisc ár gcónarachta do Choláiste Mhá Nuad agus do thionscail ardteicniúla (m.sh. Intel).	
Soláthar do scaoileadh talún criosaithe agus é a spreagadh, ar talamh í le haghaidh gníomhaíochtaí a chruthaíonn fostaíocht.	Próiseas um bainistíocht forbartha. Oibriú le húinéirí talún / le forbróirí, le hinfeisteoirí, srl.
A chintíú go bhfuil soláthar dóthaineach ann do ghnóthaí nua.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Limistéir Áitiúil / Caighdeán agus Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
Feabhsúcháin a sholáthar ar sheirbhísí uisce.	Dearadh agus Treoir Theicniúil maidir le Plean Limistéir Áitiúil / Caighdeán agus Cur i nGníomh trí bhainistíocht forbartha / fheidhmeanna pleanála.
Soláthar le haghaidh feabhsúcháin i seirbhísí sláintíochta.	Creatphlean Comhtháite le hAghaidh Staidéar um Úsáid Talún & Iompar, i gcomhthráth le Plean Limistéir Áitiúil le haghaidh bailte indibhidiúla nó bairle.

Soláthar le haghaidh feabhsúcháin ar an mbonneagar straitéiseach bóithre.	Creatphlean comhtháite do Staidéar Úsáide Talún & Iompair, ag an am céanna le próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh bailte indibhidiúla.
Uasleas a bhaint as deiseanna toisc iarnród a bheith ann chuig Baile Átha Cliath (líne Mhaigh Nuad).	Oibriú le húinéirí talún (i limistéar Carton / Moygaddy), le fostóirí san earnáil ardteicniúil/le gnóthaí agus le hoideachasóirí (T&F).
Comhtháthú agus comhordú ar rannóga den Údarás Pleanála agus gach soláthraí seirbhíse.	Straitéisí comhtháite coimhdeacha a fhorbairt. BFC, CPSanna srl.
Tacú le gnóthaí reatha agus iad a spreagadh.	Obair le Cumainn Lucht Tráchtála, srl. Creatphleananna comhleanúnacha comhtháite a ullmhú nó a éascú le haghaidh páirceanna gnó reatha.
Soláthar imleor cúraim leanaí.	Straitéis cúraim leanaí agus curtha i bhfeidhm go praiticiúil trí mheán an phróisis um bainistíocht forbartha.
Feabhas a chur ar sholáthar bonneagair shóisialta m.sh. tithíocht, sláinte agus scoileanna.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil (céimniú ar fhorbairt cónaithe sa chaoi is go ndéanfar soláthar ar bhonneagar sóisialta i gcomhthráth le seirbhísí tacaíochta).
Carachtar an chontae agus na buntáistí a bhaineann leis a shainaithint agus a chosaint (straitéis an chreasa ghlais nó a chomhionann).	Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha, PFC agus próiseas an PLÁ. Comhtháthú agus comhordú le húdaráis thadhlaacha.
Mais chriticiúil fhéinacmhainneach a chruthú .i. a chinntiú go ndéantar dóthain tailte a chríosú don iliomad úsáidí, agus go bhfuil dlúis oiriúnach don suíomh agus do na seirbhísí atá ar fáil nó is dócha a bheidh ar fáil, go háirithe ag lárionaid iompair phoiblí atá ann cheana féin nó atá beartaithe.	Próiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

3.1.8 Forbairt ag Achomhail Mhótarbhealaí

A bhuíochas le roinnt mhaith den infheistíocht a rinneadh le blianta beaga anuas i mórbhonneagar bóithre i gContae na Mí cruthaíodh achomhail Mhótarbealaí (ar Mhótarbhealaí an M1 agus an M4) agus achomhail bheartaithe mar chuid de Mhótarbhealach an M3. Tarlaíonn achomhail mhótarbhealaí nuair a threoraíonn líonra bóithre áitiúil isteach i líonra Mótarbhealaí. Mar seo, cruthaíodh roinnt mhaith suíomhanna atá an-straitéiseach agus leanfar á gcruthú le brú ag teacht chun cinn dá bharr ó fhorbairtí a bhfuil gá acu le rochtain mhaith ar an líonra Bóithre Áitiúil toisc an ghná atá ann líon mór earraí a iompar.

Dá bhfágfaí na hachomhail mhótarbhealaí gan rialú a dhéanamh orthu d'fhéadfadh sé seo drochthionchar a bheith aige ar chumas iompair an Mhótarbhealaigh féin. Is féidir lena leithéid seo d'fhorbairt tionchar neamhfhabhrach a bheith aige freisin ar na costais a bhaineann le soláthar bonneagair eile lena n-áirítear seirbhísí sláintíochta agus ar an gcomhshaol agus an tírdhreach tuaithe. Ina fhianaise seo, soláthraíonn an Plean le haghaidh catagóirí éagsúla úsáidí fostaíochta agus cuireann sé cuspóirí maidir le criosú na húsáide talún san áireamh a léiríonn inmhianaitheacht suíomhanna dá leithéid. Ina aineoinn seo, ní dhéanfar Achomhail Mhótarbhealaí a shuíomh ach ag acomhail uirbeach-bhainteacha ar mhaithe le cosaint an tírdhreacha tuaithe. Tá an polasaí forbairt ag Achomhail Mhótarbhealaí atá cóngarach do lonnaíochtaí uirbeacha ag teacht le polasaí na Comhairle forbairt eacnamaíochta agus fostaíochta a sholáthar laistigh de bhraislí dinimiciúla uirbeacha sainithe.



POLASAITHE

POL EAC 17 Príomhshuíomhanna straitéiseacha a shainithint atá tadhlach le hAchomhail Mhótarbhealaí Uirbeach-bhainteacha amháin, atá oiriúnach go háirithe don fhorbairt a bhféadfadh earnálacha fostaíochta agus eacnamaíochta gá a bheith acu leis.

POL EAC 18 Éascú ar sholáthar Stáitiúin Seirbhíse Mótarbhealaigh ag suíomhanna iomchuí Achomhail sa Chontae faoir réir na ngnáthbhreithniúchán agus na ngnáthghealltanais pleanála agus ó Ráiteas Polasaí an Údaráis um Bóithre Náisiúnta ar Mhótarbhealaí agus ar Dhécharrbhealaí Ardchaigheáin, ach amháin ag Achomhal Blundelstown le haird ar luach agus íogaire eisceachtúil an tírdhreacha mórtimpeall Chnoc na Teamhrach.

CUSPÓIR

POL EAC 1 Iniúchadh a dhéanamh ar úsáidí talún ag na hachomhail Mhótarbhealaí reatha agus beartaithe ar fud an chontae ag féachaint le treorú agus bainistiú a dhéanamh ar a bhforbairt amach anseo i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara iomchuí lena n-áirítear na hÚdaráis Phleanála iomchuí agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. Beidh gá a chur san áireamh san iniúchadh an gá atá ann an cumas iompair agus an infheistíocht reatha sa líonra bóithre náisiúnta a chosaint.

Nuair atá Achomhail Mhótarbhealaí féideartha á roghú a bhfuil an cumas acu freastal ar na leibhéil forbartha iomchuí, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh:

- Cóngaracht an acomhail d'ionad forbartha fáis reatha agus príomhacht na n-ionad forbartha fáis. Níl sé beartaithe ag an Údarás Pleanála iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal forbartha atá ag Acomhail Mhótarbhealaí atá scoite amach ó ionaid forbartha m.sh. Achomhal Blundelstown ar an M3 atá beartaithe. Meastar go mbeadh a leithéid de chur chuige fánach dochrach do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae agus go mbeadh tionchar neamhfhabhrach aige ar inmharthanacht, bheogacht agus ar mhealltacht na n-ionad sin;
- Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíochta;
- Pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an liimistéir;
- Moltaí an Údaráis um Bóithre Náisiúnta;
- An tionchar carnach a bheadh ar chumas iompair agus ar bhealaí straitéiseacha náisiúnta agus ar a gcothabháil;
- Chruthófaí riachtanais bhreise bonneagair bóithre;
- Saincheisteanna maolaithe comhshaoil ag eascairt as I.R. Uimh. 140 de Rialacháin um Fhuaim Chomhshaoil 2006, agus;
- Na costais féideartha ghaolmhara agus na socruithe maoiniúcháin, a n-íocfaidh forbróirí astu.

Maidir leis seo, déanfar na hachomhail seo a leanas a iniúchadh:

- | | |
|---------------------|--|
| 1. Mótarbhealach M1 | Bail Mhic Gormáin / Steach Maoilín
Droiched Átha (Dún Uabhair & Bóthar Dhamhliag) |
| 2. Mótarbhealach M3 | Achomhal Luas (Dún Búinne) & na hUaimhe
(Bóthar Átha Buí & Cill Chairn) |
| 3. Mótarbhealach M4 | An Bóthar Buí, Cill Choca, Cionn Átha Gad |

3.1.9

Fiontar Tuaithe

Féachann an cuspóir sáraitheach forbartha le héascú a dhéanamh ar sholáthar dóthain talún d'úsáidí fostaíochta, lena n-áirítear láithreáin atá oiriúnach dóibh seo a leanas: tionscail, fiontair, oifigí, miondíol agus úsáidí gnóthaí beaga eile le haird ar leith ar phleanáil spáis, ar bhonneagar, ar riachtanais chomhshaoil agus iompair agus ar chomhoiriúnacht le húsáidí tadhlaigh talún; Ina theannta sin, cuirtear polasaithe san áireamh a fhéachann le tacú leis an mbonn eacnamaíochta reatha agus le cosaint a dhéanamh air agus féachann le héagsúlú a dhéanamh ar an ngeilleagar trí mheán na hinfheistíochta isteach i bpríomhlímitéir fáis agus talmaíocht, foraoiseacht agus tionscail atá bainteach le turasóireacht a chothú.



Le haird ar fhorbairt tionscal, ba chóir a leithéid sin de thograí a shuí i dtailte atá críosaithe go hiomchuí agus a bhfuil seirbhísí ag gabháil leo, ar tailte iad le haghaidh úsáidí a chruthaíonn fostaíocht. Glactar leis go bhfuil catagóirí teoranta áirithe fiontar a bhféadfadh riachtanais gheografacha shainiúla a bheith ag baint leo ar féidir freastal orthu níos éasca ó lasmuigh de na tailte atá críosaithe do thionscail. I gcás nach bhfuil aon suíomh malartach oiriúnach ar fáil d'úsáidí fiontar dá leithéid i limistéir shainithe, breithneoidh an Chomhairle úsáidí a chruthaíonn fostaíocht faoin tuath a fhreastalóidh go príomha ar an bpobal tuaithe tadhlaigh, ar úsáidí iad nach bhfuil dochrach don taobh tíre agus nach ndéanann damáiste do chonláistí. D'fhormhór beidh na fiontair mhionscála seo faoi úinéireacht teaghlaigh agus is iad a reáchtálfaidh iad agus beidh orthu ceanglais tráchta, sláinte poiblí agus conláistí agus comhshaoil a chomhlíonadh.

De bheis air sin, tá líon teoranta d'fhorbairtí de chineál an eastáit tionsclaíochta sa Chontae lasmuigh de thailte atá críosaithe le haghaidh tionscal. Ina measc tá Páirc Ghnó Bracetown, Páirc Ghnó Cheannais agus Eastáit Tionsclaíochta Lloyd & Liscarton, An Uaimh. Tá na suíomhanna tionsclaíochta seo ar bun le fada an lá anois agus cuireann siad deiseanna fostaíochta ar fáil dá ndobharcheantair thuaithe. Tá sé beartaithe ag an Údarás Pleanála na suíomhanna seo a chomhchuimsiú ar suíomhanna iad atá buailte le teorainneacha an Phlean Forbartha nó an Phlean Limistéir Áitiúil nuair is féidir trí mheán na bpróiseas iomchuí Plean Forbartha nó Plean Limistéir Áitiúil. I gcás suíomhanna eile atá scoite amach ó theorainneacha an Phlean Forbartha nó an Phlean Limistéir Áitiúil, déanfar fairsingiú beartaithe a bhreithniú bunaithe ar an bhfiúntas le haird ar pholasaithe eile atá sa Phlean Forbartha seo agus i bhforbairt bheartaithe inbhuanaithe an limistéir.

POLASAITHE**POL EAC 19**

Tograí forbartha a cheadú de ghnáth le fairsingniú a dhéanamh ar fhiontair thionsclaíochta nó ghnó faoin tuath nuair atá toise agus scála na forbartha iomchuí agus nach mbeadh tionchar neamhfhabhrach aige ar charachtar an limistéir ina thimpeall ná ar chonláistí; agus léiríonn an togra gur chuir sé san áireamh cúrsaí tráchta, sláinte poiblí, comhshaoil agus conláistí de réir na bpolasaithe, na gceanglas agus na treorach atá sa phlean seo.

I ngach cás, ba chóir go léireofaí nach gcruthódh an togra trácht a bheadh mí-oiriúnach do charachtar na mbóithre rochtana ná nach mbeadh gá le feabhsúcháin a rachadh i bhfeidhm ar charachtar na mbóithre seo.

POL EAC 20

Gan forbairt tograí a cheadú le haghaidh fiontair thionsclaíochta nó ghnó faoin tuath ach amháin nuair atá riachtanais gheografacha á gcomhlíonadh ag an úsáid bheartaithe nach féidir freastal orthu ach i suíomh tuaithe agus gur léiríodh é seo go sásúil don Údarás Pleanála, go bhfuil an fhorbairt ar thoise agus ar scála iomchuí agus nach bhfuil tionchar neamhfhabhrach aige ar charachtar an limistéir ina thimpeall ná ar chonláistí; agus léiríonn an togra gur chuir sé san áireamh cúrsaí tráchta, sláinte poiblí, comhshaoil agus conláistí de réir na bpolasaithe, na gceanglas agus na treorach atá sa phlean seo.

I ngach cás, ba chóir go léireofaí nach gcruthódh an togra trácht a bheadh mí-oiriúnach do charachtar na mbóithre rochtana ná nach mbeadh gá le feabhsúcháin a rachadh i bhfeidhm ar charachtar na mbóithre seo.

3.2 MIONDÍOL

3.2.1 Réamhrá



Cuireann an earnáil mhiondíola feidhm thábhachtach shóisialta agus eacnamaíochta ar fáil laistigh den chontae ó thaobh soláthar earraí agus seirbhísí do chustaiméirí, éileamh ar sholáthraithe áitiúla poitéinsiúla, fostaíocht áitiúil agus rátaí tráchtála a ghintear don Údarás Áitiúil. In ainneoin na mbuntaistí soiléire seo, tá roinnt míbhuntáistí ag baint le miondíoltóireacht nuair nach bhfuil sé suite go hiomchuí le tionchar neamhfhabhrach ar imharthanacht agus ar bheogacht lár na mbailte, ag tógáil ó cháilíocht chomhshaoil lár an bhaile agus gan dóthain úsáide a bheith á baint as infheistíocht i seirbhísí agus i mbonnagar atá ann cheana féin, an iomarca tráchta agus páirceáil gluaisteán á chruthú.

3.2.2 Comhthéacs

3.2.2.1 Treoirlínte um Pleanáil Miondíola d'Údaráis Phleanála

Chun cuidiú le hÚdaráis Phleanála measúnú agus breithniú a dhéanamh ar fhorbairt miondíola d'eisigh an RCORA an cháipéis 'Retail Planning Guidelines for Planning Authorities' sa bhliain 2000. Foilsíodh na Treoirlínte um Pleanáil Miondíola, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2001, mar fhreagra ar an timpeallacht mhiondíola atá ag athrú agus an aidhm atá leo ná leathadh amach optamach ar fhorbairt miondíola inrochtana a sholáthar don daonra is leithne agus is féidir. De bheis ar athruithe san earnáil agus chun aghaidh a thabhairt ar threoir a chuireann srian rómhór ar mhiondíol bhain na Treoirlínte um Pleanáil Miondíola (Eanáir 2005) arna leasú an chaidhp spáis urláir a bhíodh de cheangal ar thrádstórais mhiondíola laistigh de limistéir fheidhmiúla na gceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath agus i nGeataí na Straitéise Spáis Náisiúnta.

3.2.2.2 Straitéis um Pleanáil Miondíola do Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath 2001–2011 (Straitéis MBÁC)

Foilsíodh Straitéis MBÁC i mí na Samhna 2001 agus ceapadh í sa chaoi is go mbeadh dóthain spáis urláir ann chun freastal ar fhás agus ar chaiteachas an daonra laistigh de Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath agus go mbeadh sé suite ar bhealach éifeachtach cothrom inbhuanaithe, i gcomhréir leis na TPRanna.

Go bunúsach, sholáthraigh an Straitéis MBÁC do bhonnlíne agus do phrionsabail straitéiseacha

a chuirfí i bhfeidhm ag leibhéal an chontae ar straitéisí sonracha miondíola. Agus straitéis mhiondíola á hullmhú do Chontae na Mí tá na tionchair pholasaí seo a leanas, a leagadh amach i Straitéis MBÁC, tábhachtach:

- Caomhnú ar Lár na Cathrach i mBaile Átha Cliath;
- Róil ionaid eile a dhaingniú, go háirithe 'ionaid forbartha' sa Chúlchríoch agus i nóid roghnaithe sa Mhórcheantar;
- Dáileadh ar spás urláir nua chun léiriú ginearálta a thabhairt ar dháileadh fhás an daonra, nuair a cheadaíonn an margadh amhlaidh;
- An gá atá ann laghdú ar éileamh le haghaidh taistil agus an tacaíocht a eascródh as sin d'ionaid a bhfuil seirbhís mhaith iompair phoiblí acu ar fud a ndobharcheantair, agus;
- Mian éascú ar thionscal miondíola iomaíoch agus nuálaíocht mhiondíola a spreagadh

3.2.2.3 Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí 2003

Mar chuid de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) tá sé de cheangal ar an gComhairle Contae straitéis mhiondíola shonrach a ullmhú. Mar fhreagra air seo, rinne Comhairle Contae na Mí coimisiúnú ar DTZ Píeda Consulting i mí an Mhárta 2002 le go n-ullmhóidís Straitéis Mhiondíola don Chontae. Glacadh Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí (CMRS) mar athrú ar Phlean Forbartha Contae 2001 agus ar Phleanana Forbartha na hUaimhe, Cheanannais agus Bhaile Átha Troim i mí Dheireadh Fómhair 2003. Bhí aird ag Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí ar Straitéis MBÁC.

Éilítear go ndéanfaí na polasaithe agus tograí a d'eascair as Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí a chomhshnaidhmeadh leis an bPlean Forbartha reachtúil. Dearbhaíonn na Treoirí um Pleanáil Miondíola an méid seo a leanas maidir le gach Plean Forbartha amach anseo:

- Dearbhú ar chéimiúlacht mhiondíola, ról na n-ionad agus toise lár na bpríomhbhailte;
- Sainiú ar an bPlean Forbartha agus ar theorainneacha an limistéir shiopaóireachta lárnaigh i lár na mbailte;
- Measúnú leathan ar an ngá atá le spás urláir sa bhreis;
- Treoir straitéiseach maidir le suíomh agus scála na forbartha miondíola;
- Polasaithe agus dreasachtaí gnímh a ullmhú chun feabhsú lár na mbailte a spreagadh, agus;
- Critéir a shainiú don mheasúnú ar fhorbairtí miondíola.

Ó glacadh le SMCM sa bhliain 2003, bhí méid na forbartha miondíola ar mhórsála teoranta laistigh den chontae ach amháin an síneadh a cuireadh le hionad Siopaóireachta na hUaimhe agus forbairt ar Lár an Bhaile i gCill Dhéagláin. Bhí an Chéimiúlacht Mhiondíola a léirítear i dTábla 16 ina mhionathrú ar chéimiúlacht MBÁC a léirigh Structúr Lonnaíochta Uirbeach an Phlean Forbartha Contae roimhe seo. Chuimsigh na hathruithe tabhairt isteach dhá shraith in ionaid Leibhéal 4 ag idirdhealú idir Bailte Beaga agus Sráidbhailte agus ag ainmniú chomharsanacht Chill Choca agus Dhroichead Átha i bhfianaise a ról laistigh den Chontae.

Le foisliú na d'Treoirí um Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath i mí Iúil 2004 agus ag tagairt siar do Chaibidil 2 'Straitéis Lonnaíochta', is léir cé go bhfuil nasc soiléir idir an Chéimiúlacht Lonnaíochta agus an chéimiúlacht mhiondíola, tá roinnt ionad nach suíonn go compordach sna leibhéil shainithe a thuilleadh, go háirithe Dún Búinne agus an Bóthar Buí.

Sa mhéid go bhfuil aidhmeanna agus creatpholasaí straitéiseach SMCM fós ábhartha agus infheidhmithe meastar go bhfuil sé níos iomchuí go ndéanfaí aon mhionathrú ar an gCéimiúlacht Mhiondíola tar éis measúnú a dhéanamh ar an earnáil mhiondíola mar chuid de phróiseas an Phlean Limistéir Áitiúil le haghaidh na n-ionad nó na ngrúpaí ionad indibhidiúla.

Céimiúlacht Mhiondíola an Chontae

Laistigh de Chontae na Mí, cuireann an Straitéis Mhiondíola ar glacadh leis breac-chuntas ar fáil maidir le céimiúlacht an chontae agus déanann é a chothú, mar atá luaite i dTábla 16.

Tábla 16: Céimiúlacht Mhiondíola Chontae na Mí

Céimiúlacht Mhiondíola Chontae na Mí		
	LIMISTÉAR UIRBEACH	LIMISTÉAR NA CÚLCHRÍCHE
LEIBHÉAL 2	Lárionad Mórbaile	Lárionaid Baile Contae
		An Uaimh
LEIBHÉAL 3	Ionaid Bail agus nó /Ceantair	Ionad Baile Fo-chontae
	Dún Búinne:	Cill Dhéagláin, Dún Seachlainn, Ceanannas, agus Baile Átha Troim (ag nótail Comharsanacht Dhroichead Átha agus Chill Choca)*
LEIBHÉAL 4	Ionaid Chomharsanachta / Bailte Beaga	Ionaid Áitiúla - Bailte agus Sráidbhailte Beaga
	Cluain Aodha	<i>Sraith 1 Ionaid Bailte Beaga:</i> Áth Buí, Baile an Bhiataigh, Damhliag, An Bóthar Buí, An Seanchaiselán agus Ráth Tó. <i>Sraith 2 Lárionaid na Sráidbhailte</i> Baile Íomhair, An Inse, Maigh Dearmhaí, An Obair, Sláine & Baile an Línsigh.
LEIBHÉAL 5	Siopaí Beaga	Lárionaid Sráidbhailte níos Lú / Crosairí
		Sráidbhailte níos Lú / crosairí - siopaí tuaithe (oifigí an phoist, uachtarlanna, tithe tábhairne, stáisiúin pheitril srl.)

** Is ionad Leibhéal 1 Sraith 3 é Droichead Átha sa chéimiúlacht náisiúnta mhiondíola agus is ionad Leibhéal 3 é Cill Choca i gcéimiúlacht MBÁC. Baineann na hainmniúcháin seo go sonrach le lár bailte agus a ról ach beidh a gcomharsanachtaí ina limistéir don fhorbairt miondíola chomh maith. Luaitear iad araon sa Chéimiúlacht Mhiondíola Contae toisc go bhfuil roinnt dá gcomharsanachtaí laistigh de theorainneacha an Chontae.*

Is é is cuspóir don Chéimiúlacht Mhiondíola ná ról agus tábhacht na n-ionad forbartha éagsúil sa chontae a chur in iúl d'fhothcuidiú leis an gComhairle inmhharthanacht agus beogacht gach ionaid a chosaint ach fós féin cuidiú le gach ionad a fheidhm fhoriomlán a chomhlíonadh laistigh de chéimiúlacht lonnaithe an chontae. Cuidíonn sé leis an margadh má dhéantar príomhionaid a shainaithint ar ionaid iad ar féidir leo freastal ar spás oifige mór toisc go dtugann sé seo leis cinnteacht agus ar an gcaoi sin, cuireann sé feabhas ar iomaíochas an chontae.

Cuireann an chéimiúlacht modh ar fáil trínar féidir daingniú a dhéanamh ar ról agus ar fheidhm gach ionaid, agus cinntíonn sé dáileadh geografach maith le haghaidh gach príomhionaid sa chontae.

Croí-limistéir Mhiondíola agus Cur Chuige Seiceamhach

An sainmhíniú a thugtar de ghnáth ar Chroí-limistéir Miondíola ná limistéar ina ndéantar an 'phríomh-mhargáocht'. Is sa limistéar seo a bhaintear amach na cíosanna is airde, na torthaí is fearr, an t-éileamh is mó ó mhiondíoltóir / ó oibreoirí / ó fhorbróirí agus ó infheistearí / ina mbíonn éileamh ar spás urláir miondíola agus ina mbíonn an líon is mó siopadóirí. De réir na dTreoirínte um Pleanáil Miondíola, sainithníodh Croí-limistéir Mhiondíola le haghaidh na mórionad mar gur sna hionaid sin a bheidh forbairt nua miondíola suite / is ansin a dhéanfar margaíocht. Baineann costais éadála

agus forbartha níos mó leis na hionaid seo, ámh, le haghaidh forbróirí / infheisteoirí nó oibreoirí. Cé go mbíonn líon níos mó coisithe ann, bíonn deacrachtaí le páirceáil agus le rochtain don ghluasteán. Ar an gcúis seo, ní i gcónaí a roghnaíonn forbróirí na suíomhanna lárnacha.

Chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí dá leithéid agus d'fhonn príomhacht lár na mbailte a choinneáil ó thaobh an mhiondíola de, chuir na TPManna 'Cur Chuige Seiceamhach' ar bun chun iarratais mhiondíola a chinneadh. Go bunúsach aithníonn sé seo an tábhacht a bhaineann le cothú a dhéanamh ar thábhacht, ar bheogacht agus ar inmharthanacht an mhiondíola i lár na mbailte. Leagann na TPManna béim ar lár na mbailte, ar a n-athfhorbairt agus ar a bhfairsingiú, béim a tugadh ar aghaidh ó Straitéis MBÁC. Tá gá le tograí le haghaidh mórscéimeanna miondíola chun an méid seo a leanas a chur san áireamh;



- Ar an gcéad dul síos, ba chóir tús áite a thabhairt d'fhorbairt nua miondíola a shuí i lár na mbailte. Ní bhreathnófar ar neamhábalacht suímh freastal ar fhorbairt pro forma mar easpa infhaighteachta suímh i lár an bhaile.
- Mura bhfuil suíomhanna i lár an bhaile ar fáil go héasca laistigh de thréimhse ama réasúnta réalaióch ní mór breathnú ar shuíomhanna ar imeall an bhaile. Sna TPManna, sainítear iad seo mar shuíomhanna atá 300 – 400 méadar ó Chroí-limistéar Miondíola.
- Ní cóir suíomhanna lasmuigh den bhaile a bhreithniú go dtí go bhfuiltear tar éis breathnú ar gach féidearthacht i lár an bhaile agus ar imeall an bhaile.

Mar sin, ionas gur féidir leis an gComhairle cloí leis an gCur Chuige Seiceamhach, ní mór an sainmhíniú ar Chroí-limistéar Miondíola a úsáid mar thúsphointe. Glactar leis gurb iad na príomhionaid na hionaid sin atá ag na leibhéil is airde i gcéimíúlacht mhiondíola MBÁC, is é sin ionaid ag Leibhéal 2 agus 3.

Seo a leanas Croí-limistéir an Chontae:

An Uaimh - ina bhfuil Ionad Siopadóireachta na hUaimhe agus Bóthar Uí Chinnéide, Sráid Trimgate, Cearnóg an Mhargaidh, agus deireadh iardheiscirt Shráid Watergate agus an chuid ó thuaidh de Shráid Ludlow;

Cill Dhéagláin – lena n-áirítear formhór na dtailte atá criosaithe chun freastal ar úsáidí lárionaid baile ag taobh thoir agus thiar Shráid Fheidric a shíneann ó Ionad Siopadóireachta Chill Dhéagláin ó dheas agus a chuimsíonn Ionad Baile nua Chill Dhéagláin;

Baile Átha Troim– lena n-áirítear an limistéar curtha ar leataobh le haghaidh úsáidí lár baile móorthimpeall ar Shráid an Mhargaidh, ar Shráid Emmet agus ar Shráid an Chaisleáin (ó thuaidh agus ó dheas ón mBóinn). Chomh maith leis sin, áiríonn sé an limistéar atá ainmnithe le go ndéanfaí fairsingiú air thiar ón áit ina bhfuil lár an bhaile faoi láthair;

Ceanannas – áiríonn sé seo an limistéar atá criosaithe le haghaidh úsáidí lár baile móorthimpeall Shráid an Chaisleáin, Shráid an Mhargaidh, Shráid Eoin, Shráid Cross, Shráid na Mhargaidh Nua, Shráid na hEaglaise agus Shráid Uí Fhearghaile. Tá Ionad Siopadóireachta Ceanannais suite siar ó thuaidh ó lár bhaile Ceanannais ar an taobh ó dheas de Bhóthar an Chabháin agus tá sé sin ainmnithe freisin mar chuid den chroí-limistéar miondíola. Áiríonn an croí-limistéar freisin an limistéar atá ainmnithe le go ndéanfaí fairsingiú lár baile air siar ó Shráid Uí Fhearghaile agus ó Shráid Bective.

Dún Seachlainn – lena n-áirítear an limistéar atá críosaithe le haghaidh úsáidí lár baile agus le go ndéanfaí fairsingiú ar lár an bhaile ón Arch Bar chuig Bóthar an hUaimhe, lena n-áireofaí an Phríomhshráid a chuimsíonn an talamh cúil siar agus soir chomh fada leis an leabharlann ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath.

POLASAÍ

POL EAC 21

Tá sé mar pholasaí ag an Údarás Pleanála Croí-limistéir Mhiondíola an Chontae a shainiú agus cloí le forálacha an Chuir Chuige Sheiceamhaigh maidir le miondíol agus le tairsigh mhiondíola a chur i bhfeidhm ar fhorbairt atá beartaithe de réir na gceanglas sna Treoirínte um Pleanáil Miondíola.

Lárionaid na mBailte Beaga - Mar riail ghinearálta, níl sé beartaithe go dtarlódh forbairt miondíola ar mhórsála i Lárionaid na mBailte Beaga atá i gCéimíúlacht Mhiondíola an Chontae (is é sin ionaid Shraith 1 Leibhéal 4). Léiríonn an athbhreithniú a rinneadh ar raon agus ar phoitéinseal gach ionaid ag Sraith 1 Leibhéal 4 go mbeifear in ann freastal ar riachtanais agus ar phoitéinseal, tríd is tríd, laistigh de chroílár gach ceann de na hionaid seo a leanas - Áth Buí, Baile an Bhiaigh, Damhliag, Dún Búinne, Dún Sheachlainn, An Seanchaisleáin agus Ráth Tó. Ní mór é seo a chothromú leis an bhfás atá beartaithe le haghaidh gach ionaid thar thréimhse an Phlean Forbartha seo. Rachfar i ngleic le fás agus riachtanais gach earnála miondíola amach anseo, go háirithe i ndáil le spás urláir áise, agus déanfar pleanáil dóibh laistigh de phróiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

Lárionaid na mBailte a Fheabhsú

Cé go bhfuil sé mar aidhm ag an Údarás Pleanála daingniú a dhéanamh ar ról lárionaid na mbailte agus a bhfeidhmíocht a chothú agus a fheabhsú ach glacadh le 'Cur Chuige Seiceamhach', agus ionaid inmhharthanacha bheoga agus atá inmhharthanach ó thaobh na tráchtála de a chruthú, beidh gá le cur chuige réamhghníomhaíoch ón Údarás Pleanála chomh maith. D'ainneoin spéis an mhargaidh i lárionaid bhailte atá ag fairsingiú san earnáil mhiondíola, chuir gnéithe mar seo a leanas bac ar fhorbairt san earnáil le blianta beaga anuas:



- saincheisteanna a bhaineann le cóimeáil talún;
- soláthar páirceála;
- drochghluaiseacht tráchta agus brú tráchta, agus;
- costais níos airde ag baint le héadail, le dearadh agus le forbairt talún srl.

Mar sin beidh sé mar thosaíocht ag an Údarás Pleanála cáilíocht dhearadh na bhforbairtí miondíola a chinntiú maille leis an réimse poiblí i bhfianaise na tarrainteachta agus na próifíle a bhaineann le go mbeadh dearadh maith nuálaíoch i mbaile nó i sráidbhaile.

Chun gníomhú in aghaidh míbhuntáistí dá leithéid atá ann nó a mheastar a bheith ann, caithfidh an tÚdarás Pleanála a chinntiú go bhfuil lár an bhaile ina áit tharraingteach chun gnóthaí a lonnú (le haghaidh infheisteoirí) agus do dhaoine le bheith ag siopadóireacht ann (don phobal) ach na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Láidreachtaí agus laigí an bhaile a shainaithint ach anailís shonrach a dhéanamh;
- Teorainneacha lár an bhaile a shainiú ach tagairt d'athruithe ar dhlús éadan na n-ionad miondíola;
- Deiseanna feabhsúcháin a shainaithint maille le deiseanna le haghaidh forbartha agus athfhorbartha i lár an bhaile agus cóngarach do lár an bhaile;

- Cumhachtaí éigeantacha a úsáid in éadail suíomhanna forbartha, agus;
- Straitéis a ullmhú do lár an bhaile a théann i ngleic le saincheistean amhail carrpháirceáil, trácht, sábháilteacht coisithe agus treoir maidir le dearadh.

POLASAITHE

POL EAC 22

Tá sé mar pholasaí ag an Údarás Pleanála daoine a spreagadh agus éascú a dhéanamh ar fheabhsú an chomhshaoil i lárionaid phríomhbhailte agus shráidbhailte an Chontae agus trí phróisis an Phlean Limistéir Áitiúil, nuair is iomchuí, a fháil amach cad iad na láir bhailte a bhfuil gá acu straitéisí lár baile a ullmhú.

POL EAC 23

Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt optamach agus úsáid na suíomhanna féideartha amach anseo i lárionaid na mbailte agus na sráidbhailte, go háirithe athfhorbairt ar láithreáin athfhorbraíochta nó forbairt inlínonta nó talún cúil ar bhealach comhtháite pleanáilte trí mheán phróiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

Treoir Straitéiseach maidir le Suíomh agus Scála na Forbartha Miondíola

Soláthraíonn 'Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí' do chreatpholasaí straitéiseach don dáileadh spásúil ar fhorbairt nua miondíola laistigh den Chontae. Leagann an treoir straitéiseach béim ar shuíomh agus ar scála na mórforbartha miondíola. Ní fhéachann an Straitéis le cosc a chur ar fhorbairt miondíola ar scála beag in ionaid ar fud an Chontae, go háirithe in ionaid níos lú. Ba chóir go mbeadh sé intuigthe ó aidhmeanna na Straitéise gur chóir a leithéid sin d'fhorbairt a spreagadh agus a éascú chun feabhas a chur ar inbhuanacht, ar bheogacht agus ar inmhathasacht na n-ionad níos lú, lena n-áirítear ionaid bheaga sa Chéimíúlacht Mhiondíola. Socraíonn an chéimíúlacht an chreatlach le haghaidh dáileadh spáis agus méid áis agus chomparáideacht an spáis urláir. Seo a leanas treoir maidir leis an gcaoi a ndéanann Straitéis Mhiondíola sainiú ar dháileadh an spáis urláir straitéisigh agus neamhstraitéisigh laistigh den Chéimíúlacht Mhiondíola Chomh maith leis sin, cuirtear an treoir ar fáil i Straitéis MBÁC:

- Leibhéal 1 - Áis agus comparáideacht mhór;
- Leibhéal 2 - Áis agus comparáideacht mhór;
- Leibhéal 3 - Go príomha áis sa bhreis ach gan comparáideacht a bheith san áireamh, agus
- Leibhéal 4 - Áis agus comparáideacht a bhaineann le turasóireacht.

De bhreis air sin, aithníonn an Straitéis an gá atá ann a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais áitiúla, go príomha seirbhísí áise siopadóireachta agus áitiúla, ar bhealach cothrom éifeachtach inbhuanaithe i mórilmistéir chónaithe reatha nó nua, i bpríomhlonnaíochtaí agus mórthimpeall orthu, ach suíomhanna a ainmniú le haghaidh Pleananna Forbartha Ceantair nó Comharsanachta / PLAanna.

SPRIOC

Uasleas a bhaint as deiseanna san earnáil mhiondíola, ach fós féin an comhshaol a chosaint i lár na mbailte reatha agus seanbhunaithe, maille leis an gcéimíúlacht miondíola sa chontae.

POLASAITHE

POL EAC 24	Cothú agus feabhsú a dhéanamh ar phróifíl mhiondíola agus ar iomaíochas Chontae na Mí laistigh de gheilleagar miondíola Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus lasmuigh de.
POL EAC 25	Aghaidh a thabhairt ar sceitheadh caiteachais mhiondíola ón gContae ach modhanna a sholáthar chun daingniú a dhéanamh ar raon agus ar cháilíocht na tarisiceana miondíola.
POL EAC 26	Dáileadh spáis cothrom éifeachtach inbhuanaithe a chinntiú sna príomhionaid ar fud an chontae.
POL EAC 27	Céimiúlacht mhiondíola a dhearbhu a chuidíonn le saineirí struchtúir lonnaithe agus chuspóirí an Chontae agus treoir shoiléir a sholáthar maidir leis an áit a bhfuil mórspás oifige ar fáil a bheadh inghlactha.
POL EAC 28	A chinntiú go bhfuil riachtanais mhiondíola áiritheoirí an Chontae á gcomhlíonadh a mhéad is féidir laistigh den Mhí ag cur san áireamh Straitéis um Pleanáil Miondíola do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.
POL EAC 29	Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar chaomhnú agus ar fheabhsú an róil mhiondíola sna sráidbhailte indibhidúla agus sna bairis de bhailte / shráidbhailte mórtimpeall an Chontae.
POL EAC 30	Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar athúsáid agus athfhorás na talún agus na bhfoirgneamh atá dearóil, le haire ar leith a thabhairt ar an gCur Chuige Seiceamhach.
POL EAC 31	Cur chun cinn agus cothú a dhéanamh ar thábhacht na miondíoltóireachta i ngeilleagar turasóireachta an Chontae.
POL EAC 32	Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar nuálaíocht agus ar éagsúlú i bpróifíl mhiondíola an Chontae agus an méid atá ar tairiscint.
POL EAC 33	Critéir a sholáthar don mheasúnú ar thograí um fhorbairt miondíola.

3.2.3 Straitéis Mhiondíola

Seo a leanas an straitéis atá ann le haghaidh miondíola sa Chontae:

- A chinntiú go bhfuil dóthain spáis urláir sa chontae agus go bhfuil an spás urláir seo suite ar bhealach éifeachtach cothrom inbhuanaithe, le haire ar na Treoirlínte um Pleanáil Miondíol agus na Treoirlínte um Pleanáil Miondíola do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Na feidhmeanna ceannasacha miondíola Lár Baile Contae na hUaimhe a choinneáil;

- Ról lár na mbailte a dhaingniú mar áiteanna le haghaidh oibre, siopadóireachta, seirbhísí agus le bheith ag cónaí laistigh de mhórionaid na hUaimhe, Chill Dhéagláin, Cheanannas agus Bhaile Átha Troim ach líonra d'ionaid cheantair agus chomharsanachta a ainmniú;
- A chinntiú go mbaineann an spás urlár breise a chuirtear ar fáil le céimiúlacht na n-ionad miondíola a glacadh agus go bhfuil sé comhoiriúnach le scála, le carachtar agus le feidhm na n-ionad a fhaigheann é;
- A chinntiú go gcuimseoidh na forbairtí tráchtála beartaithe, nuair is iomchuí, úsáidí miondíola, cónaithe, fostaíochta agus siamsaíochta / cultúrtha agus cathartha, agus go gcuireann siad dóthain áiseanna tacaíochta ar fáil do shiopadóirí agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas;
- Carachtar miondíola na bpríomhionad siopadóireachta a chothú agus a dhaingniú in ionaid reatha, fad is atáthar ag cosaint agus / nó ag feabhsú na gconláistí sna limistéir máguaird, agus;
- Éascú a dhéanamh ar thrádstóráil miondíola, ar pháirceanna gnó agus ar shiopaí bia ar phraghas íseal sa chontae ar an gcoinníoll go ndéanfaí na hionaid sa chéimiúlacht mhiondíola a chosaint.

3.2.4 Polasaithe Straitéiseacha

3.2.4.1 Baile Fáis Príomhúil - An Uaimh

Is cuid bhunúsach d'iomáiochas na Mí go réigiúnach agus i gcoinne na gcontaetha comharsanachta lasmuigh de MBÁC é láidreacht agus tábhacht na hUaimhe. Ionas go mbeadh an Uaimh ag cloí lena ról mar phríomhionad laistigh de chéimiúlacht MBÁC, ní mór dí leanúint ar aghaidh lena feidhm mar ionad comparáideach siopadóireacht-bhunaithe go príomha, cé go mbeidh áisiúlacht fós ina gné thábhachtach i ról agus i meallacht fhoriomlán an bhaile. I gcomhthéacs na saincheisteanna a bhaineann le soláthar scéimeanna miondíola lár an bhaile agus spás urláir ina iomláine, ní mór cur chuige solúbhtha seachas forordaitheach a ghlacadh i leith na treorach.

Bhí cur i gcrích shíneadh Ionad Siopadóireachta na hUaimhe le déanaí ar an bhforbairt miondíola ba mhó a tharla laistigh den Chontae i rith thréimhse an phlean forbartha roime seo agus a bhuíochas leis sin tá roinnt siopaí le hainmnacha branda príomhshráide ann. In ainneoin seo, tá raon teoranta go leor d'ainmneacha branda príomhshráide d'íolraí comparáideacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus seo an earnáil a mbeifí ag féachaint le hiad a mhealladh ionas go gcuirfí cosc ar sceitheadh an chaiteachais seo ón mbaile agus ón gcontae chuig ionaid eile. Beidh gá ag oibreoirí le suíomhanna ina ndéantar an phríomh-mhargáíocht i gcoirlár na mbailte. Tá an poitéinseal ann cheana féin é seo a bhaint amach ach diansaothrú níos mó a dhéanamh ar fhorbairt i lár an bhaile agus athfhorbairt a dhéanamh ar limistéir pháirceála lárnacha atá ceannasach i gcoirlár an bhaile. Cinnteoidh sé seo go gcoinneofar miondíol agus úsáidí baile eile i lár an bhaile seachas iad a scaipeadh chuig limistéir níos imeallaí a bhféadfadh dí-áitiú ar phríomhfhócas siopadóireachta a bheith mar thoradh air agus a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bheogacht agus ar mheallacht na gcoirlimistéir miondíola atá ann cheana féin. Ba chóir go mbeadh comhdhlúthú agus diansaothrú na forbartha miondíola agus úsáidí baile eile mar thosaíocht thar thréimhse 'Straitéis um Pleanáil Miondíola na Mí' go dtí 2011. Aithnítear go mbeadh trácht, páirceáil agus saincheisteanna iompair eile ag baint le cuspóirí comhdhlúthaithe agus diansaothraithe na forbartha miondíola, a gcaithfí



dul i ngleic leo i gcomhthráth. Mar sin féin, ní cóir ligean do na saincheisteanna iompair seo srian a chur ar fhorbairt mhór i lár an bhaile mar go mbeadh mar thoradh air seo go dteipfeadh ar an Uaimh a poitéinseal a bhaint amach agus ní bheadh sí in ann iomaíochas a chothú.

POLASAÍ

POL EAC 34	Cothú agus spreagadh a dhéanamh ar mhórfheabhsú an spáis urláir mhiondíola, go príomha earraí comparáide, agus feidhmeanna lár baile san Uaimh chun a hiomaíochas agus a tábhacht mar Ionad Fáis Príomhúil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a chothú.
------------	---

CUSPÓIRÍ

CUSP EAC 2	Fís / Máistirphlean a ullmhú do lár an bhaile i gcomhthéacs an fhairsingithe phoitéisiúil níos leithne a sainaithníodh a bheadh mar bhonn leis na chéad chéimeanna eile forbartha ar lár bhaile na hUaimhe.
------------	---

CUSP EAC 3	Measúnú a dhéanamh ar sholáthar fhorbartha nua miondíola de réir na tástála seiceamhaí ar cuireadh síos uirthi i Rannóg 2.4 agus i 'Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí'.
------------	--

CUSP EAC 4	Iníúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhainfeadh le Limistéar Cois Abhann na hUaimhe a bheith ina cheathrú cultúrtha sa bhaile.
------------	--

CUSP EAC 5	Straitéis oidhreacht / turasóireacht a choimisiúnú chun fónamh a bhaint as an tsócmhainn seo agus chun insólatharthacht an táirge seo a mheas.
------------	--

3.2.4.2 Ionad Baile Fo-chontae - Cill Dhéagláin

A bhuíochas leis an bhfás gasta ar an daonra rinneadh mórinfheistiú san earnáil mhiondíola, go háirithe i gCill Dhéagláin. Le 5 bliana anuas, chlaodhaigh lár bhaile Chill Dhéagláin go hiomlán le roinnt de na hainmneacha is mó le rá sa mhargadh miondíola ag roghnú lonnú anseo. Ag tabhairt aitheantais do thábhacht chéimiúlacht lonnaíochta fhoriomlán an Chontae agus ag fáiltiú roimh mhéadú ar fhás na hearnála miondíola, tá Cill Dhéagláin rangaithe mar Lár Baile Fo-chontae Leibhéal 3 i gcéimiúlacht mhiondíola MBÁC. Mar thoradh ar mhéid, ar cháilíocht agus ar raon na nithe a sholáthraíonn na hionaid bhaile reatha agus nua tá Cill Dhéagláin anois ar an dara ionad miondíola is mó sa Chontae tar éis na hUaimhe. Aithníonn an tÚdarás Pleanála go bhfuil gá le go bhfásfadh áisiúlacht, comparáideacht agus trádstóráil miondíola a fhreastalaíonn ar riachtanais sa limistéar seo lena n-áirítear Imeall Mhórcheantar Dheisceart na Mí má táthar chun lonnaíocht uirbeach inbhuanaithe a chruthú agus tabharfaidh sé sin leis, dá réir sin, laghdú ar an ngá atá le bheith ag taisteal le haghaidh raon níos fairsinge earraí miondíola, agus dá bhrí sin cuideoidh sé laghdú a dhéanamh ar sceitheadh an chaiteachais ó dheisceart an Chontae. Cosúil le forbairt tionsclaíochta sa limistéar, tá ceadanna pleanála fós i bhfeidhm le haghaidh trádstóráil miondíola nach ndearna an margadh forbairt orthu go fóill. Bhí forbairt déanta air seo ag am an ghlactha.

POLASAÍ

POL EAC 35

Cothú agus spreagadh a dhéanamh ar fheabhsú agus ar fhairsingiú leanúnach an spáis urláir mhiondíola agus ar fhorbairt tráchtála eile i gCill Dhéagláin chun spreagadh a dhéanamh ar a fhorbairt mar phríomhionad féinacmhainneach i ndeisceart an Chontae.

CUSPÓIRÍ

CUSP EAC 2

Suíomhanna a shainithint laistigh de mhórlimistéir chónaithe nua d'ionaid chomharsanachta agus cheantair chun gur féidir freastal ar riachtanais áisiúlachta níos fearr ar bhonn áitiúil agus ar an gcaoi sin laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann taisteal go lár an bhaile don chuid is mó de na riachtanais siopadóireachta.

CUSP EAC 2

Suíomhanna ar imeall an bhaile agus lasmuigh de lár an bhaile a shainithint do riachtanais trádstórála miondíola laistigh de Phróiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

3.2.4.3

Lárionaid Bhaile Fo-chontae - Ceanannas agus Baile Átha Troim

Is Lárionaid Bhaile Fo-chontae Leibhéal 3 iad Ceanannas agus Baile Átha Troim i gcéimíúlacht mhiondíola MBÁC. Tá tábhacht réigiúnach agus contae an dá bhaile daingnithe ag a n-ainmniúchán mar Lárionaid Bhaile Fo-chontae i gCéimíúlacht Mhiondíola an Chontae. Go príomha is ionaid chomparáide iad le líon maith asraon ar ardchaighdeán a chuireann lena meallacht. Cibé scéal é, má chuirtear iad i gcomparáid le hionaid ar chomhthoise agus ar chomhthábhacht i gcontaetha eile is léir nach bhfuil dóthain soláthair spáis urláir mhiondíola ann go háirithe spás urláir i siopaí bia. Mar sin, níl an dá bhaile ag feidhmiú mar ba chóir dá leibhéal i MBÁC i gcomparáid leis na hionaid eile ag an leibhéal céanna sa chéimíúlacht. Ba chóir go mbeadh ionaid níos féinacmhainní ann le daoine áitiúla nach gá dóibh taisteal chun freastal ar a riachtanais mhóra siopadóireachta.

D'fhoill dul i ngleic leis seo, tá gá le tuilleadh spáis urláir má tá Ceanannas agus Baile Átha Troim le ról níos mó a bheith acu ag an leibhéal fo-réigiúnach / contae i bpátrúin siopadóireachta an Chontae. Tá gá le spás urláir ollmhargaidh níos mó dóibh araon a fheastalaíonn níos fearr ar na príomhriachtanais siopadóireachta bia. Aithnítear an gá atá ann spás urláir nua áisiúlachta a fháil in ionaid Ceanannas agus Baile Átha Troim araon ina bpleananna forbartha agus a PLA faoi seach ar glacadh leo d'fhairsingiú iomchuí lár an bhaile le suíomhanna ainmnithe a chuideoidh le comhdhlúthú agus le feabhas a chur ar an raon earraí atá á dtairiscint i lár an bhaile sa dá bhaile. Ina theannta sin, aithnítear nach féidir freastal ar riachtanais na limistéar cónaithe atá ag fairsingiú sa dá bhaile agus ar an gcumas trádstóráil miondíola a sholáthar i gceachtar den dá bhaile. Le haird ar an dara cean díobh seo, d'athraigh Comhairle Contae na Mí Plean Forbartha Ceanannas chun trádstóráil miondíola a cheadú i suíomh lasmuigh den bhaile ar Bhóthar an Chabháin agus breathnófar ar chúpla suíomh oiriúnach a ainmniú le haghaidh Bhaile Átha Troim sa chéad athbhreithniú eile ar Phlean Forbartha Ceanannas.

Tá aitheantas bainte amach ag Ceanannas agus ag Baile Átha Troim ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta mar ionaid a bhfuil tábhacht oidhreachta ag baint leo. Is áiteanna tarraingteacha iad freisin le cuairt a thabhairt orthu agus tá raon bonneagar turasóireachta a'dardchaighdeán acu



a fhreastalaíon ar chuairteoirí agus ar dhaoine áitiúla araon. Tá gá fónamh níos fearr a bhaint as an tsócmhainn seo chun leasa lár na mbailte agus ar mhaithe lena dtarraingteacht ach margaíocht agus léiriú íogair iomhcuí a dhéanamh orthu. Cuirfidh siad le tarraingteacht turasóireachta agus spreagfaidh siad tuilleadh infheistíochta ina bhfabraic agus sa mhéid atá á thairiscint acu.

POLASAI

POL EAC 36

Cothú agus spreagadh a dhéanamh ar mhórfheabhsúchán agus ar mhórfhairsingiú fheidhmeanna lár na mbailte chun iomaíochas a chothú maille le tábhacht Bhaile Átha Troim agus Cheanannais mar Lárionaid Bhaile Fo-chontae agus chomh maith leis sin chun a chinntiú go bhfuil a saibhreas oidhreachta ina bhunchuid den mhéid atá le tairiscint ag an dá bhaile agus go gcuireann sé lena dtarraingteacht.

CUSPÓIRÍ

CUSP EAC 8

Suíomhanna a shainaithint laistigh de mhórlimistéir chónaithe nua d'ionaid chomharsanachta agus cheantair chun gur féidir freastal ar riachtanais áisiúlachta níos fearr ar bhonn áitiúil agus ar an gcaoi sin laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann taisteal go lár an bhaile don chuid is mó de na riachtanais siopadóireachta.

CUSP EAC 9

Spás urláir trádstórála miondíola a aimsiú ag suíomhanna ar imeall an bhaile agus lasmuigh den bhaile.

CUSP EAC 10

Iníúchadh a dhéanamh ar na modhanna a chuideodh le soláthar na suíomhanna i lár na bpríomhbhaile. D'fhéadfadh sé sin straitéisí margaíochta a chur san áireamh, maille leis an bpoitéinseal a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Poibí Príobháideacha a glacadh in ionaid eile agus tástáil margaíochta a dhéanamh ar fhorbróirí agus ar oibreoirí.

CUSP EC 11

Iníúchadh a dhéanamh ar ullmhú straitéisí oidhreachta agus léirithe a chuimsíonn comharthaíocht, naisc agus léiriú.

3.2.4.4 Comharsanacht Dhroichead Átha agus Chill Choca

Tá tábhacht ag baint le Droichead Átha agus le Cill Choca mar ionaid mhiondíola laistigh den chéimíúlacht náisiúnta agus céimíúlacht MBÁC faoi seach. Déanann na Comhairlí Contae agus Baile lena n-áirítear Comhairle Contae na Mí planáil miondíola na mbailte seo agus a gcomharsanacht a chinneadh do na codanna sin den dá chomharsanacht atá laistigh de dhlinse Chontae na Mí. D'fhonn cur chuige comhtháite a bhaint amach, tá sé tábhachtach go mbeadh na polasaithe agus na tograí do na comharsanachtaí sa Mhí comhoiriúnach leis na cinn atá ag na hÚdaráis Phleanála Áitiúla Thadhlacha. Tá tábhacht ar leith ag baint leis seo sa mhéid go bhfuil na comharsanachtaí i ngach ceann de na limistéir sin ina gcomharsanachtaí a fhairsingeoidh go suntasach thar thréimhse an Phlean Forbartha. Tá sé tábhachtach go bhfreastalaítear go háitiúil ar áisiúlacht agus ar riachtanais bhunúsacha eile na bpobal nua seo nó na bpobal atá ag teacht chun cinn. De bhreis air sin, murar féidir freastal ar riachtanais mhiondíola agus ar phoitéinseal miondíola Dhroichead Átha nó Chill Choca i lár an bhaile nó i suíomhanna ar imeall an bhaile, ag teacht leis an 'gCur Chuige Seiceamhach' atá luaite sna TPManna, ba chóir breathnú ar an gcomharsanacht chun cúnamh a lorg freastal ar na riachtanais seo.

POLASAÍ

POL EAC 37

Oibriú le hÚdaráis Áitiúla Lú agus le Comhairle Contae Chill Dara chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais mhiondíola na ndaonraí laistigh de chomharsanachtaí Dhroichead Átha agus Chill Choca, ar comharsanachtaí iad atá ag fairsingiú, ar bhealach éifeachtach cothrom inbhuanaithe.

CUSPÓIRÍ

CUSP EAC 12

Suíomhanna a shainnaithe laistigh de mhórlimistéir chónaithe nua d'ionaid chomharsanachta agus cheantair chun gur féidir freastal ar riachtanais áisiúlachta níos fearr ar bhonn áitiúil agus ar an gcaoi sin laghdú a dhéanamh ar an ngá atá ann taisteal go lár an bhaile i gceachtar den dá bhaile don chuid is mó de na riachtanais siopadóireachta.

CUSP EAC 13

Dul i gcomhairle leis na hÚdaráis Áitiúla in aice láimhe maidir leis an bpoitéinseal breise miondíola ar féidir freastal air i gcomharsanacht Dhroichead Átha agus Chill Choca faoi seach.

3.2.4.5

Ionaid Leibhéal 4

Is contae tuaithe go príomha An Mhí agus freastalaítear ar riachtanais áitiúla go pointí éagsúla i líonra d'ionaid áitiúla atá scaipthe amach. Thug Straitéis MBÁC aitheantas do na hionaid áitiúla seo mar ionaid ag Leibhéal 4 sa chéimíúlacht do Limistéar na Cúlchríche agus rinne an straitéis idirdhealú idir Lárionad an Bhaile Bhig agus an tSráidbhaile. Ag urramú na tábhachta a bhaineann le céimíúlacht a shainiú ar céimíúlacht í is fearr a léiríonn saintréithe na gcontaethae éagsúla agus a n-ionaid, bhí Straitéis MBÁC soiléir go rabhthas ag fágáil shainiú na leibhéal éagsúil den chéimíúlacht leis na hÚdaráis Phleanála. In ullmhú Straitéis Mhiondíola an Chontae, ainmníodh ceithre ionad déag mar ionaid sa leibhéal seo de chéimíúlacht MBÁC. Ó athbhreithniú a rinneadh i gcomparáid le sraith fachtóirí a d'áirigh líon daonra, méid agus ilchineálacht an spáis urláir mhiondíola agus a shuíomh i gcéimíúlacht lonnaíochta an Chontae, tháinig dhá shraith chun cinn ag Leibhéal 4; Sraith 1 - Lárionaid na mBailte Beaga agus Sraith 2 Lárionaid na Sráidbhailte.

Lárionaid na mBailte Beaga - Sraith 1 Leibhéal 4 (Áth Buí, Baile an Bhiataigh, An Bóthar Buí, An Seanchaisleán agus Ráth Tó)

Ó thaobh spás urláir mhiondíola de, liostáladh gach ionad ó Shraith 1 mar ionaid le méideanna níos mó spáis ná na hionaid eile ag Leibhéal 4 sa Chontae agus go cainníochtúil cruthaíonn siad an chéad leibhéal eile faoi phríomhionaid an Chontae maidir le fairsinge an tsoláthair. Laistigh de chéimíúlacht lonnaíochta an Chontae ainmníodh gach ionad mar áiteanna ina mbeidh méaduithe móra ar an daonra i gcoibhneas leis na daonraí bunlíne.

POLASAÍ

POL EAC 38

Éascú agus spreagadh ar sholáthar siopaí agus seirbhísí a chomhdhlúthaíonn láidreach Shraith 1, Leibhéal 4, Lárionaid na mBailte Beaga chun freastal ar riachtanais an daonra reatha agus an daonra atá ag fairsingiú.

CUSPÓIRÍ

CUSP EAC 14 Feasacht níos mó a chruthú sa mhargadh, go háirithe san earnáil áisiúlachta, maidir le toise suntasach agus poitéinseal fhorhóir lárionaid bhailte beaga an Chontae trí mheán phróiseas an Phlean Limistéir Áitiúil.

CUSP EAC 15 Sainaitheint a dhéanamh ar shuíomhanna sna limistéir chónaithe nua atá ag fairsingiú inar féidir ionaid chomharsanachta agus cheantair a chur chun freastal níos fearr ar riachtanais áisiúlachta ar bhonn áitiúil agus ar an gcaoi seo laghú ar an ngá taisteal chuig lár an bhaile le haghaidh fhorhóir na riachtanas siopadóireachta.

Láir Bhailte - Ionaid Shraith 2 Leibhéal 4 (Baile Íomhair, Cluain Aodha, Maigh Dearmhaí, Cnoc an Linsigh, An Inse, An Obair agus Sláine)

Tá ról tábhachtach ag láir bhailte i saol an phobail thuaithe sa Chontae. Go ginearálta, freastalaíonn siad ar dhobharcheantair níos lú agus tá raon agus caighdeán níos teoranta spáis urláir acu ná mar atá ag ionaid i mBailte Beaga. Tá an raon earraí miondíola atá ar fáil sna hionaid seo teoranta agus dá bhrí sin freastalaítear ar fhorhóir na riachtanas miondíola in ionaid níos airde caighdeáin i gCéimíúlacht Mhiondíola an Chontae. Mar sin ba chóir do na hionaid uile seo leas a bhaint as feabhasúcháin ar a spás urlár miondíola agus go háirithe spás urláir áisiúlachta ionas gur féidir freastal níos fearr ar riachtanais laethúla na sráidbhailte agus a ndobharcheantar.

POLASAÍ

POL EAC 39 Éacú a dhéanamh ar an soláthar áitiúil siopaí agus seirbhísí in Ionaid Sráidbhailte Sraith 2 Leibhéal 4 chun freastal ar riachtanais na ndaonraí atá ag fairsingiú.

CUSPÓIRÍ

CUSP EAC 16 Freagairt go dearfach d'fhorbairtí miondíola ar scála beag in Ionaid na Sráidbhailte sainithe.

CUSP EAC 17 Comhpháirtíocht a spreagadh sa chur chuige idir an tÚdarás Pleanála, gnóthaí áitúla agus an pobal chun feabhas a chur ar Lárionaid na Sráidbhailte.

3.2.5 Straitéisí Ginearálta

3.2.5.1 Páirceanna Miondíola agus Trádstórais Mhiondíola

Is ea an soláthar trádstórála miondíola eisceacht ar an bpolasaí foriomlán chun comhdhlúthú agus daingniú a dhéanamh ar fheidhm mhiondíola lár na mbailte. Tá sé seo soiléir leis na foirgnimh aonstóir mhóra a dhéanann speisialú i ndíolachán earraí toirtiúla amhail cairpéid, troscán, earraí leictreacha, táirgí don ghairdín agus míreanna DIY. Go ginearálta baineann siad le carrchlóis dhromchla agus éascacht fónaimh, riachtanais nach bhfreastalaítear orthu i lár an bhaile agus a bheadh ina n-úsáid neamhéifeachtach ar shuíomhanna seirbhísithe criosaithe i lár an bhaile.

Tháinig páirceanna miondíola chun cinn mar cheirtleán de thrádstórais mhiondíola, i ngrúpaí mórthimpeall carrchlóis choitianta ar féidir leis laghdú a dhéanamh ar an tionchar neamhfhábhach a bheadh ag tráchtachéascú a dhéanamh ar ilturais siopadóireachta. Ba chóir trádstóráil mhiondíola a shrianadh d'earraí fóirtoirtiúla agus cloí le tairsigh maidir le toise socraithe arna leagan amach sa Phlean Forbartha seo, chun aon dochar ábhartha a sheachaint a d'fhéadfá a dhéanamh d'inmharthanacht tráchtála lárionad an bhaile nó an tsráidbhaile.



Éileofar go gcuirfidh iarratasóirí ar pháirceanna miondíola agus ar thrádstóráil miondíola sonraí ar fáil maidir lena spriocmhargáí ina n-iarratas ar chead pleanála. Dímholfar do pháirceanna miondíola forbairt a dhéanamh ar lárionaid mhiondíola baile a sainaithníodh i gCéimiúlacht Mhiondíola na Chontae. Roghnófar suíomhanna trí mhéan phróiseas an Phlean Limistéir Áitiúil i suíomhanna ar imeall an bhaile agus lasmuigh den bhaile i lárionaid ar féidir leo tacú lena leithéid sin d'fhorbairt, is é sin ionaid Leibhéal 2 agus 3, agus go ginearálta tacófar leo ag líon teoranta de shuíomhanna straitéiseacha le cuspóir sonracha maidir le críosú talún d'fhonn soláthar d'fhostaíocht agus d'fhorbairt eacnamaíochta, nuair atá rochtain mhaith ón suíomh ar líonra bóithre agus ina bhfuil rochtain mhaith ar iompar poiblí comhtháite. Más rud é go mbeidh mórspás urláir miondíola á sholáthar ag an trádstóras nó ag an bpáirc mhiondíola, leis an gcuspóir sonracha críosaithe talún níos mó ná 15,000 méadar cearnach, déanfar a thionchar a mheas le haird ar an gcuspóir príomhúil críosaithe don limistéar agus tionchar an togra ar inmharthanacht agus ar bheogacht na n-ionad miondíola atá ann cheana féin de réir na gcritéar atá leagtha síos i dTreoirínte um Pleanáil Miondíola na RCORA d'Údarás Phleanála, 2005.

POLASAITHE

POL EAC 40

Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe na trádstórála miondíola agus na bpáirceanna miondíola ag líon teoranta de shuíomhanna straitéiseacha nó in aice le príomhionaid i gCéimiúlacht Mhiondíola an Chontae. Déanfar iad seo a mheas a chur san áireamh go bhfuil gá na hionaid seo a chosaint sa chéimiúlacht mhiondíola mar thosaíocht agus an gá atá iad a theorannú dá n-úsáid i ndíolachán earraí toirtiúla.

POL EAC 41

Ba chóir páirceanna trádstórála miondíola a úsáid go príomha, ach ní go heisiatach, le haghaidh earraí toirtiúla. I ngach cás, déanfar díolachán earraí i bpáirc trádstórála miondíola a theorannú d'earraí comparáide agus beidh ar a laghad 85% de na hearraí atá á dtairiscint ina n-earraí buanfasacha toirtiúla. Nuair atá aonad / aonaid san áireamh in iarratas aonair pleanála ar pháirc trádstórála miondíola le haghaidh earraí seachas earraí buanfasacha toirtiúla go huasteorainn 15% den ollspás urláir, beidh measúnú ag gabháil leis maidir le tionchar na forbartha ar inmharthanacht agus ar bheogacht lár an bhaile, de réir na dTreoirínte um Pleanáil Miondíola.

3.2.5.2

Straitéis um Ionad Comharsanachta

Éascaíodh an fás suntasach ar dhaonra an Chontae le tógáil forbairtí móra nua tithíochta a bhíonn ar imeall na mbailte agus na sráidbhailte d'fhormhór, nó ina gcomharsanacht. I roinnt cásanna, ní féidir leis an spás urláir sna bailte seo freastal a thuilleadh ar an daonra áitiúil atá méadaithe go mór. Mar thoradh ar seo, ba chóir soláthar d'ionaid cheantair nó chomharsanachta nua áit a bhfuil sé beartaithe go mbeadh forbairtí cónaithe ar scála mór agus áit nach bhfuil an soláthar miondíola imleor chun freastal ar dhaonra níos mó.

Tá feidhm thábhachtach ag siopaí in ionaid chomharsanachta sna limistéir uirbeacha. Cuireann siad seirbhís luachmhar ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais laethúla nó corr-riachtanais na n-áitritheoirí nó na ndaoine a bhíonn ag dul thar bráid. Tá feidhmeanna suntasacha sóisialta agus eacnamaíochta ag ionaid chomharsanachta a chuimsíonn idir shiopaí bia agus asraoin nach ndíolann bia, amhail poitigéirí. Soláthraíonn siad seirbhís atá tábhachtach go háirithe do dhaoine nach bhfuil in ann gluaiseacht timpeall chomh héasca sin, go háirithe daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, teaghlaigh le leanaí óga agus daoine nach bhfuil gluaisteán acu. I roinnt mhaith cásanna, cuireann siad an t-aon áis shiopadóireachta ar fáil a bhfuil rochtain éasca uirthi i roinnt earnálacha den phobal.

Dírítear cosaint na n-ionad comharsanachta reatha agus beartaithe ar a chinntiú go bhfuil dóthain seirbhísí ar fáil do gach limistéar cónaithe - is é sin áiseanna agus seirbhísí áitiúla, lena n-áirítear áiseanna tráchtála agus comhchoiteanna. I roinnt cásanna is é a bheidh i gceist leis seo ná aitheantas a thabhairt do nód nó d'áis thráchtála a tháinig chun cinn chun freastal ar phobal áitiúil ach i gcásanna eile ainmníonn sé limistéar nua nó limistéar neamhfhorbartha don ról seo. An aidhm atá ann ná a chinntiú go bhfreastalóidh ionaid chomharsanachta ar dhobharcheantair laistigh de thuairim is 800-1000 méadar agus go laghdóigh sé ar an ngá atá ann taisteal sa ghluaisteán chun seirbhísí a úsáid. Aithníonn an tÚdarás Pleanála nach mbeifear ábalta ionaid chomharsanachta dá leithéid a aisfheistiú i ngach ionad forbartha den Chontae ach déanfaidh sé iniúchadh ar gach togra bunaithe ar a bhfiúntas. Go praiticiúil, tá forluí ann idir ionaid dobharcheantair chomharsanachta agus ní bheidh ionaid chomharsanachta 'féinacmhainneach' ach beidh siad ag brath ar na hionaid chomharsanachta atá in aice leo le haghaidh áiseanna breise (i.e. d'fhéadfadh ceann amháin poitigéir a sholáthar agus ceann eile oifig an phoist nó teach tábhairne a sholáthar).

Dé ghnáth beidh na gnéithe seo den soláthar miondíola san áireamh in Ionaid Chomharsanachta: siopaí áisiúlachta agus ollmhargaí (nuair is iomchuí), siopa nuachtán, poitigéirí, búistéirí, oifigí an phoist, bialanna, bialanna beir leat, físteípeanna / DVDanna ar cíós, neachtlan, gruaigair agus tithe tábhairne.

POLASAI

POL EAC 42

Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt na n-ionad Ceantair agus Comharsanachta chun freastal ar riachtanais na ndaonraí nua agus na ndaonraí atá ag fás.

3.2.5.3

Siopaí Beaga / Áitiúla

Tá feidhm thábhachtach ag siopaí áitiúla atá lonnaithe i bpobail sa mhéid go sásaíonn siad riachtanais mhiondíola áitiúla an phobail. Cosúil le hionaid chomharsanachta, tá ról ríthábhachtach eacnamaíochta agus sóisialta acu i bpobail agus tá siad tábhachtach do riachtanais laethúla, lena n-inrochtaineacht go háirithe do dhaoine sa phobal nach bhfuil chomh soghluaiste. Tríd is tríd, baineann siad le trádálaithe neamhspleácha agus is iad siúd a ritheann iad. Aithníonn Comhairle Contae na Mí an tábhacht áitiúil a bhaineann leo agus éilíonn an Chomhairle go dtabharfaí cosaint do shiopaí áitiúla agus go gcuirfí siopaí breise ar fáil i limistéir ina bhfuil easnamh soiléir soláthair mhiondíola ann.

POLASAI

POL EAC 43

Cothú, spreagadh agus éascú a dhéanamh ar ról miondíola na siopaí áitiúla agus na sráidbhailte beaga ar fud an Chontae.

3.2.5.4

Stáisiún Pheitril

Aithnítear gur féidir le stáisiún pheitril raon leathan earraí miondíola a sholáthar i siopa ar an láthair. Cibé scéal é, tá méadú tagtha ar scála na n-asraon miondíola agus i roinnt cásanna tá an baol ann go sáróidh díolachán earraí an díolachán peitril mar phríomhúsáid an tsuímh. Dé ghnáth cuireann na siopaí sna stáisiún pheitril raon leathan earraí miondíola áisiúlachta ar fáil sna siopaí ar an láthair agus i roinnt limistéar feidhmíonn siad mar a bheadh siopa áitiúil nó mionmhargadh. Tugann an Treoir Mhiondíola Náisiúnta le fios gur féidir le húsáid mhiondíola an stáisiún pheitril, toisc scála siopa áisiúlta dá leithéid, tionchar neamhfhabhrach a bheith aige ar na hasraoin mhiondíola thraidisiúnta amhail an siopa beag áitiúil. Ina dhiaidh sin dearbhaíonn 'na Treoirínte um Pleanáil Réigiúnach' gur chóir do thoise an tsiopa atá ar láthair an stáisiún pheitril na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh:

- Is féidir le siopaí móra níos mó custaim a mhealladh agus mar sin taistealaíonn daoine i ngluaisteáin chun dul ag siopadóireacht;
- Má tá líon mór gluaisteán páirceáilte ar chúirt an stáisiún pheitril is féidir cur as dóibh siúd nach bhfuil uathu ach dul i scuaime chun úsáid a bhaint as an gcaidéal peitril; agus
- An rogha suímh don mhiondíoltóireacht ná lár an bhaile, agus ní i suíomhanna atá scoite amach lasmuigh de na rogha suíomhanna seo (cur chuige seiceamhach / tástáil).

D'ainneoin na n-alt roimhe seo, breithnítear go bhfuil sé inghlactha siopa ina bhfuil suas le 100m² (net) de spás urláir miondíola inghlactha do shiopa atá ar láthair stáisiún pheitril. Má sháraítear an tairseach seo, níl an cur chuige seiceamhach tástála i bhfeidhm. Tá treoirínte maidir leis na ceanglais shonracha do thograí le haghaidh Stáisiún Peitril leagtha amach sa Rannóg a bhaineann le Treoirínte agus Caighdeán sa Phlean Forbartha seo.

3.2.5.5

Siopa Bia Lascaine

Tá an fhéidearthacht ag siopaí bia lascaine ina bhfuil suas le 1,500 méadar cearnach ról a bheith acu i gcur leis an rogha mhiondíola go háirithe d'earnálacha ar leith sa phobal. Tá an ceantar custaiméirí agus an tairiscint mhiondíola éagsúil ó ollmhargaí príomhshrutha agus meallann siad gnó éagsúil. Cuireann siad cineál speisialaithe siopadóireachta ar fáil - aisiúlacht d'fhormhór. Bainfidh sé seo le hábhar nuair atáthar ag measúnú an tionchair, ach ba chóir an tionchar a bheadh aige ar ionaid chomharsanachta agus ar shiopaí eile a bhreithniú chomh maith.

Is féidir le siopaí bia lascaine a bheith mar chrann taca ag ionaid níos lú nó ag ionaid chomharsanachta áitiúla chomh maith le comhlánú a dhéanamh ar shiopadóireacht áisiúlachta Leibhéal 3 agus 4. Déanfar tograí le haghaidh forbairtí a bhreithniú maidir le soláthar an Phlean ó thaobh an deartha, an leagain amach agus thionchar na bhforbairtí miondíola. Ní mór d'iarraíais ar shiopaí bia lascaine a léiriú nach mbeidh tionchar neamhfhabhrach acu ar ionaid Leibhéal 3 agus 4 sa chéimíúlacht mhiondíola.

POLASAÍ

POL EAC 44

Éascú a dhéanamh ar sholáthar siopaí bia lascaine ar an gcoinníoll go ndéantar ionaid Leibhéal 3 agus 4 a chosaint sa chéimíúlacht mhiondíola, agus an gá atá lena n-úsáid a shrianadh d'earraí ar earraí áisiúlachta iad d'fhormhór.



3.2.5.6

Bialanna Beir-Leat

Cuirfear na gnéithe seo a leanas san áireamh sa mheasúnú ar thograí forbartha le haghaidh na n-asraon beir leat:

- An gá atá ann cothú, cosaint agus daingniú a dhéanamh ar ilchineálacht agus ar fheidhm ilúsáide an limistéir;
- Leordhóthaineacht na n-áiseanna reatha do dhíolachán bia the le hithe lasmuigh de láthair na bialainne sa chomharsanacht;
- An tionchar carnach a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar na conláistí sa limistéar, agus;
- An tionchar a bheadh ag an bhforbairt bheartaithe ar an meascán reatha d'úsáidí talún agus de ghníomhaíochtaí sa limistéar.

3.2.6

Rochtain agus Áiseanna in Ionaid Siopadóireachta

Ní mór riachtanais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh i ndearadh na siopaí a mbaineann an pobal i gcoitinne úsáid astu. Tá na critéir riachtanacha do dhaoine faoi mhíchumas leagtha amach sna Rialacháin Tógála 1997, Cuid M agus sna cáipéisí 'Access for the Disabled (Nos. 1 go 3)', a d'fhoilsigh an Bord Náisiúnta Athshlánúcháin, mí na Samhna 1988 (nó arna leasú).

POLASaÍ

POL EAC 45

A éileamh go ndéanfaí soláthar i bhforbairtí siopadóireachta nua le haghaidh na nithe seo a leanas:

- Rochtain agus áiseanna do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear spásanna páirceála;
- Páirceáil dhaingean do rothaithe, agus;
- Áiseanna tacaíochta do shiopadóirí i gcoitinne agus do dhaoine le leanaí go háirithe, le haird ar sholáthar leithreas agus áiseanna eile, lena n-áirítear ionad friothála ar naíonáin / ionad cothaithe naíonán / áiseanna creise.



3.2.7

Úsáidí Neamh-mhiondíola

D'fhoill inmhharthanacht mhiondíola ár mbailte agus ár sráidbhailte a chosaint agus carachtar físe ár sráideanna a cothú, meastar go bhfuil sé riachtanach rialú a dhéanamh ar an méid spáis urláir ag leibhéal na talún. Meastar go bhfuil suíomhanna ar an gcúinne i lár na bpríomhbhailte, agus ionaid cheantair agus chomharsanachta ríthábhachtach do chruthú beogachta. Beidh gá go mbeadh cineál úsáide an spáis urláir sna haonaid mhiondíola ag teacht le cineál éadán na n-aonad, le húsáid na n-áitreabh agus nuair is indéanta le huaireanta oscailte na n-aonad. Cuirfear an polasaí seo i bhfeidhm trí mheán phróiseas na bainistíochta forbartha.

POLASaÍ

POL EAC 46

Rialú a dhéanamh ar sholáthar na n-úsáidí neamh-mhiondíola ag leibhéal na talún i gcoillimistéir / bpríomhshráideanna siopadóireachta na mbailte agus na sráidbhailte sna paráidí siopadóireachta agus sna hionaid cheantair agus chomharsanachta.

3.2.8 Measúnú ar Fhorbairtí Miondíola

I gcomhréir le Straitéis MBÁC, ba chóir measúnú a dhéanamh ar gach iarratas ar fhorbairt shuntasach mhiondíola i gcomhthéacs raon critéar. Mar riail ghinearálta, molann 'Straitéis Mhiondíola Chontae na Mí' go mbeadh an tairseach ar díol suntais é ag 1,000 méadar cearnach. (ollspás) den fhorbairt áisiúlachta agus 2,000 méadar cearnach (ollspás) d'fhorbairt chomparáide. Má tá an togra miondíola, bíodh sé os cionn an tairsigh seo nó nach bhfuil, ag teacht le polasaithe agus tograí an Phlean Forbartha ar gach bealach ábhartha, ba chóir a bheifí ag súil go nglacfaí leis. De réir na dTreoirlínte um Pleanáil Miondíola, i gcásanna mar seo, ba chóir go mbeadh gá ag an iarratasóir staidéir chúlra bhreise a sholáthar ag tacú leis seo. Cibé scéal é, is ar an iarratasóir atá an dualgas a léiriú gan cheist go gcloínn an togra le polasaithe an Phlean Forbartha. Nuair atá amhras ann maidir le haon ghné den iarratas pleanála, éileoidh an tÚdarás Pleanála fíorú maidir le haon ní incheistithe

Áireoidh na critéir atá le cinneadh sa mheasúnú ar iarratais shuntasacha i gcoibhnes lena suíomhanna, inter alia:

- Tástáil ar thogra i gcomparáid leis an 'gCur Chuige Seiceamhach' agus ar an gcoinníoll go ndearnadh roghanna eile a bhreithniú;
- An tionchar ar na hionaid bhailte nó shráidbhailte, lena n-áirítear an tionchar carnach;
- Go bhfuil an t-eolas bonnlíne agus an measúnú ar chumas / thionchar ina eolas imleor trédhearcach;
- Go bhfuil gá inléirithe ann d'fhorbairt;
- An gaol atá idir an t-iarratas agus aon leithdháileadh sa Phlean Forbartha;
- An méid a chuirfidh an fhorbairt le fheabhsú an bhaile / an tsráidbhaile / an ionaid;
- An méid a chuirfidh an fhorbairt le athghiniúint an tsuímh agus / nó an limistéir;
- Cáilíocht na rochtana le haghaidh na modhanna uile iompair agus de shiúl na gcós agus ar rothar;
- Ról na forbartha i bhfeabhas a chur ar iomaíochas an Chontae agus fho-limistéir an Chontae;
- Ról na forbartha i gcothú na bpobal tuaithe;
- A mhéad atá sé iomchuí breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm srianta ar raon earraí a cheadaítear le haghaidh díolacháin.

3.3 TURASÓIREACHT

3.3.1 Réamhrá

Tá an-chuid le tairisicnt ag an Mhí mar cheann scríbe do thurasóirí - go háirithe oidhreacht shaibhir, cáilíocht an tírdhreacha tuaithe agus cósta an Chontae. Tá líon mór ionad ar díol spéis iad do thurasóirí sa Mhí, an ceann is cáiliúla ná Ionad Cuairteoirí Bhrú na Bóinne a chuimsíonn tuamaí meigiliteacha agus tuamaí pasáite i mBrú na Bóinne, i gCnóbha agus i nDubhadh. Ó thaobh na margaíochta de tá an phróifíl is airde ag Brú na Bóinne, ag Caisleán Bhaile Átha Troim agus ag Teamhair sna margaí dúchasacha agus idirnáisiúnta araon agus tá an-tóir orthu mar cheann scríbe do thurais lae a dhéanann turasóirí atá ag fanacht i mBaile Átha Cliath. Seachas Gleann na Bóinne, tá líon mór ionad ar díol spéise iad do thurasóirí bunaithe ar oidhreacht seandálaíochta agus stairiúil an chontae. Áiríonn siad seo Ionad Cuairteoirí Chaisleán Bhaile Átha Troim agus Ionad Oidhreachta Cheanannais. Ainmníodh Baile Átha Troim agus Ceanannas ina mbailte oidhreachta. Is fianaise ar stair shaibhir na Mí iad Loch Craobhe, Teamhair na Rí, Tailteann, Tlacha, Suíomhanna Críostaí i Sláine, i nDomhnach Mór, i gCillín, i nDún Samhnaí agus i nDamhliag, fothraigh mhainistreach ag Mainistir Bheigtí agus Baile Átha Troim, mórthithe an 16ú agus 17ú haois agus ocht ngairdín mór le rá sa chontae.



Freatalaítear go maith ar chuairteoirí ar maith leo tóireacha allamuigh leis an líon mór ionad eachaíochta, ceithre ráschúrsa, snámh agus eitleogacht feadh an chóta, ceithre chúrsa gailf déag (agus roinnt cúrsaí gailf nua ceadaithe agus á dtógáil), cosán tarraingthe na Bóinne, conair thurasóireachta Bhaile Átha Troim, Páirc Dalgan chomh maith leis an iliomad conairí gan mharcáil, agus is féidir le slatiascairí dul ag iascaireacht sa Bhóinn agus ina craobh-aibhneacha, sa Chanáil Ríoga, ar Loch Síleann agus sna Lochanna i dTuaisceart na Mí.

Ar na láidreachtaí aitheanta eile tá inrochtaineacht an Chontae ó thaobh bóithre maithe agus an bhonneagair iompair phoiblí de agus cóngarach an chontae do Bhaile Átha Cliath agus do Thuaisceart Éireann.

3.3.2 Straitéis Turasóireachta na Mí

Idir 2002 agus 2003, d'athraigh an tionscal turasóireachta ó bhonn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Bhí ar na gníomhairí turasóireachta athmhachnamh a dhéanamh ar a gcur chuige maidir le bainistíocht turasóireachta i bhfianaise éifeacht tharluithe Mhéan Fómhair 11, 2001 agus SARS, agus de bharr na corraíola leanúnaí san Iaráic I mí Mheán Fómhair 2003, d'fhoilsigh an Grúpa um Athbhreithniú Polasaí Turasóireachta 'New Horizons for Irish Tourism' - grúpa a chuir an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ar bun. Mhol an cháipéis sin go ndéanfaí athruithe práinneacha i bpolasaithe agus i mbearta an Rialtais, agus an tionscail turasóireachta féin, má tá rath le bheith ar an tionscal amach anseo mar a bhí le deich mbliana anuas.

Ar an gcaoi chéanna, rinne Comhairle Contae na Mí, i gcomhr le Turasóireacht na Mí, coimisiúnú ar an gcéad straitéis turasóireachta dar teideal 'Ireland's Heritage Capital, Marketing Tourism in Meath, 2005 - 2010' chun comhtharlú leis na moltaí Náisiúnta chun a chinntiú go roinneann an Mhí an rath atá ar thurasóireacht in Éirinn agus é mar aidhm aici a bheith i measc na ndeich gcontae is fearr ó thaobh na turasóireachta de in Éirinn.

An spriocfhoriomlán atá ag Straitéis Turasóireachta agus Margaíochta na Mí ná treoir a thabhairt maidir leis an mbealach ina dtabharfar faoi thurasóireacht, faoi infheistíocht isteach agus faoi mhargaíocht sa chontae in earnáil na turasóireachta don tréimhse 2005 - 2010. Rinneadh taighde suntasach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, chun láidreachtaí agus laigí na n-áiseanna turasóireachta na Mhí a mheas. Tá cur síos ar na torthaí i dTábla 17;

Tábla 17: Turasóireacht na Mí - Anailís LLDB

Straitéis Turasóireachta na Mí - Anailís LLDB Táirge			
Láidreachtaí	Laigí	Deiseanna	Bagairtí
Saibhreas Oidhreachta	Easnamh Óstán (go háirithe le 4 agus 5 réalta).	Lóistín ar chaighdeán níos airde a fhorbairt.	M1 – baol go mbeadh an contae ina 'chonair-chontae'.
Rochtain – M1, N2, M3 / N3 & M4.	Droch-chomharthaíocht.	Fónamh a bhaint as áiseanna uisce agus iascaireachta.	Iomaíocht le Contaetha eile.
Cóngarachtaí do chathair Bhaile Átha Cliath, don aerfort agus do chalafoirt bád farantóireachta, agus do Thuaisceart Éireann.	Easpa siamsaíochta don teaghlach.	Conairí siúloide nua a bhunú agus a chur chun cinn maille le raon rothair don Mhí ar bhonn dlíthiúil buan lena n-áirítear ionaid oidhreachta agus ionaid ar díol spéise eile iad.	Easpa 'comhpháirtíochta' ag tarlú ar bhonn 'idirghníomhaireachta' sa chontae.
	Easpa áiseanna atá neamhspleách ar an aimsir.	Carachtar 'turasóireachta' a chruthú i mbailte.	Easpa infheistíochta isteach.
	Easpa eipéireas Éireannach agus cultúrtha.	Infheisteoir miondíola a mhealladh.	Easpa spéise.
	Easpa féilte a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.	Eispéaras cultúrtha a thairiscint chun Ghaeltach na Mí a úsáid mar tháirge.	Ionad ar díol spéis iad ar an gcósta.
		Bain gluaisteáin ón gcósta.	Tiomáint agus páirceáil ar an trá.
		Lárionad baile aeistéitiúil a chruthú don 'Chósta' le páirceáil imleor.	
		Coiste um fhéilte deonacha a bhunú don chontae ag féachaint le gairmí lánaimseartha a aimsiú chun a bheith ag obair ar choistí na bhféilte.	

Tá líon suntasach ionad ar díol spéis iad sa Chontae agus ón taighde a rinneadh mar chuid den staidéar turasóireachta, ainmníodh oidhreachtaí mar an phríomhhpointe margálaíochta atá ag an gcontae, ar a dtugtar an USP (Unique Selling Proposition) agus dá réir sin glacadh leis mar bhranda do Thurasóireacht na Mí.

Cuireann turasóireacht go mór le geilleagar Chontae na Mí le hioncam a thagann ó ghníomhaíocht thurasóireacht-ghinte agus é scaipthe ar fud raon earnálacha eacnamaíochta. Is féidir díol suntais ar leith a bheith ag baint le turasóiracht in éagsúlú an gheilleagair thuaithe agus in athghiniúint bailte agus sráidbhailte áirithe.

Fós féin tá cúiseanna imní ag dul i méid maidir le tionchar na turasóireachta ar an gcomhshaol agus ar phobail áitiúla. Is féidir le turasóireacht dochar a dhéanamh do na sóchmhainní atá sí ag iarraidh a úsáid, go háirithe nuair a thagann líon rómhór turasóirí an treo, nuair a dhéantar forbairt mhíchuí, agus toisc cineálacha éagsúla truaillithe agus nithe eile a mbíonn tionchar neamhfhabhrach acu. Is féidir bainistiú a dhéanamh ar an ngaol idir turasóireacht agus an comhshaol ar bhealach inar féidir le turasóireacht fós tacú leis na pobail áitiúla agus ina bhfuil sí fós inmharthanach san fhadtearma

SPRIOC

Forbairt na hearnála turasóireachta a chothú, a spreagadh agus a éascú trí mheáin inbhuanaithe, lena n-áirítear caomhnú, cosaint agus feabhsú na hoidhreachta tógtha agus nádúrtha, cosaint na dtírdhreach íogair agus na gcomhshaol cultúrtha agus pobail d'fhonn uasleas a bhaint as sochair eacnamaíochta a bheadh le baint as tionscail.

3.3.3 Bonneagar agus Áiseanna do Thurasóirí

Leagann cáilíocht agus ilchineálacht na háilleachta nádúrtha i gContae na Mí béim ar an tábhacht atá le nach ndéanfaidh forbairt na turasóireachta inbhuanaithe dochar do thodhchaí luach na turasóireachta. Tá raon gnéithe a d'fhéadfadh turasóirí a mhealladh - ardchaighdeán na dtírdhreach, bailte oidhreachta, trá-bhailte, suíomhanna agus séadchomharthaí seandálaíochta, foirgnimh agus struchtúir stairiúla, gairdíní agus diméinte tírdhreachaithe, oidhreacht thionsclaíoch agus gníomhaíochtaí fóillíochta allamuigh lena n-áirítear siúlóid agus rothaíocht.



Déanfar gach togra maidir le forbairt turasóireachta a mheas bunaithe ar an méid a dhéanfaidh na forbairtí sin don tionscal turasóireachta agus an méid a chuirfidh siad le caomhnú na hoidhreachta nádúrtha, saorga agus thógtha Ní mór d'fhorbairtí mar sin a bheith inghlactha ó thaobh scála agus dhearadh aon fhoirgnimh nua de, ó thaobh leibhéal na gníomhaíochta agus chineál na húsáide de, agus go mbeidís á gcomhtháthú leis an timpeallacht áitiúil.

Déanfaidh an tÚdarás Pleanála a dhícheall éascú a dhéanamh ar nithe ar díol suntais iad do thurasóirí a bhfuil aird acu ar charachtar tuaithe nó oidhreachta an limistéir, amhail oscailt tithe stairiúla nó gairdíní don phobal, cuairteanna ar fheirmeacha, iarsmalanna agus ionaid léirithe.

Aithníonn an tÚdarás Pleanála go mbeidh gá, ar bhonn eisceachtúil, i roinnt tírdhreacha atá an-íogair áit ar ghá don fhorbairt a bheith bainistithe go cúramach, le háis 'aon uaire' chun freastal ar riachtanas áirithe turasóireachta. Déanfar tograí eisceachtúla mar sin a mheas ar a bhfiúntas féin ag cur san áireamh an gá, an suíomh agus measúnú ar thionchair a bheadh ar an gcomhshaol. Nuair atá tograí mar sin á meas tabharfar aird ar an Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha nó ar cháipéisí reachtúla iomchuí eile don Chontae.

Meastar cur chun cinn agus feabhsú na n-aonad reatha ar díol spéise iad do thurasóirí a bheith ina gcuid shuntasach d'fhorbairt na turasóireachta sa Mhí. Nuair atáthar ag meas inghlacthacht aon togra a fhéachann le comhdhlúthú agus feabhsú a dhéanamh ar láithreáin turasóireachta, tá sé tábhachtach go ndéanfaí breithniú ar chothromaíocht a bhaint amach idir na sochair eacnamaíochta agus na costais chomhshaoil fhéideartha.

POLASAITHE

POL EAC 47	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt na turasóireachta ar bhealach inbhuanaithe agus spreagadh a dhéanamh ar sholáthar raon cuimsitheach áiseanna turasóireachta, faoi réir na nithe seo a leanas. Critéir maidir le suíomh agus dearadh, cosaint ar limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de agus gnéithe pleanála eile a bhreithniú amhail Measúnú ar Charachtar an Tírdhreacha.
POL EAC 48	Spreagadh a dhéanamh ar infheistiú nua ardchaighdeán i dtionscal turasóireachta na Mí ag tagairt go háirithe do ghníomhaíochtaí fóillíochta (galf, eachaíocht, siúlóid, rothaíocht, iascaireacht, tóireacha allamuigh agus gníomhaíochtaí atá dírithe ar theaghlach).
POL EAC 49	Spreagadh a dhéanamh ar infheistiú nua ardchaighdeán i dtionscal turasóireachta na Mí ag tagairt go sonrach do lóistín ó thaobh rogha, suímh agus cháilíocht an táirge de.
POL EAC 50	Nuair atáthar ag forbairt áiseanna turasóireachta, tabharfar aird ar chumas an tírdhreacha freastal ar a leithéid sin d'fhorbairt. Maidir leis sin, tagrófar don Mheasúnú ar Charachtar an Tírdhreacha, Caibidil 8 agus Aguisín VI.

CUSPÓIR

POL EAC 18	Tacú le Turasóireacht na Mí Anailís ar Riachtanais Turasóireachta a dhéanamh ar tháirge na turasóireachta sa chontae agus pleananna agus tionscadail a ainmnófaí a chur san áireamh agus a chur i ngníomh.
------------	--

3.3.4 Coimpléisc Chomhtháite Tuaithe do Thurasóirí

Toisc go bhfuil an contae suite i gcúlchríoch limistéir atá ar cheann de na limistéir uirbigh is mó sa stát tá móréileamh ar fhorbairtí amhail cúrsaí gailf agus eastáit fóillíochta le coimpléascanna móra fobartha, á dtógáil nó ceadaithe i suíomhanna amhail Caisleán Chillín, Eastát Oldbridge, Diméin Carton agus Teach Bhaile an Rátha. Aithníonn an Plean Forbartha ról an chonláiste réigiúnaigh agus turasóireachta seo don chontae. Aithnítear soláthar cóiríochta ar de chineál aonair indibhidiúil é, árasáin nó tithe féinchiomsitheacha, mar chuid de scéimeanna dá leithéid agus ar an gcúis sin déileálann Rannóg 6.7.6 den Chaibidil ar Straitéis Tuaithe leis an ngné sin ar bhonn níos sonraí.



POLASAITHE

POL EAC 51	Spreagadh a dhéanamh ar dhiméinte agus eastáit ar de chineál bailte saoire iad ar an gcoinníoll go gcuirtear dea-chleachtas pleanála i bhfeidhm.
------------	--

POL EAC 52	A chinntiú go mbreathnófar ar sholáthar áit chónaithe, a dhéanann suas cuid de fhorbairtí bainteach leis an turasóireacht agus a bheidh gafa mar áiteanna cónaithe buan, go fabhrach sa chás ina bhfuil athchóiriú agus oiriúnú á dhéanamh ar Struchtúir Chosanta nó ar ghrúpaí struchtúir laistigh de na tailte freastalaithe go húsáid an lae inniu amháin..
------------	--

3.3.5 Lóistín do Thurasóirí



Aithníonn an tÚdarás Pleanála an ról tábhachtach atá ag bailte agus sráidbhailte mórthimpeall an chontae mar ionaid turasóireachta maille leis na háiseanna agus na seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Tá sé mar pholasaí ag Comhairle Contae na Mí féachaint le feabhas a chur ar dhreach foriomlán bhailte agus shráidbhailte an Chontae trí mheán na Scéimeanna um Athnuachan Baile, an Chláir um Athnuachan Uirbeach agus Bailte, an Achta um Láithreáin Tréigthe, an tionscnaimh Tidy Towns, na bPleananna Limistéir Áitiúil / na Ráiteas um Dhearadh Gráige agus trí bhainstíocht forbartha agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh. Tá sé beartaithe ag an Údarás Pleanála go mbeadh ról speisialta ag forbróirí turasóireachta, go háirithe maidir le soláthar lóistín, le hathbheochan na mbailte agus na sráidbhailte agus féachfaidh sé le spreagadh a dhéanamh ar go ndéanfaí na forbairtí sin a shuí sna hionaid reatha.

POLASAITHE

POL EAC 53	Forbairt thurasóireacht-bhunaithe a theorú, nuair is iomchuí, chuig lonnaíochtaí reatha áit a bhfuil dóthain bonneagair chun seirbhísí a dhéanamh ar an bhforbairt agus áit ar féidir leo cur le cothabháil na seirbhísí riachtanacha tuaithe.
------------	--

POL EAC 54	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt lóistín ardchaighdeán turasóireachta, go háirithe óstáin agus tithe aíochta.
------------	--

POL EAC 55	Ardchaighdeán deartha agus tírdhreachaithe a chinntiú i ngach forbairt a bhaineann le turasóireacht, ag breithniú phoitéinseal an togra dul i bhfeidhm ar a thimpeallacht ó thaobh scála agus déine de agus íoslaghdu a dhéanamh ar shaincheisteanna gaolmhara a bhaineann le turasóirí a bhainistiú. Ba chóir gach forbairt turasóireachta a dhearadh go háirithe le haird ar riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.
------------	--

3.3.6 Tithe Ósta

Shainnadh Straitéis Turasóireachta na Mí go raibh easpa óstáin agus spásanna leapacha in óstáin ann agus go raibh sé seo ar cheann de na príomhlaigí a bhí follasach ón anailís LLDB, go háirithe óstáin le 4 agus 5 réalta. Tá athrú mór tagtha ar ghnó na n-óstáin le 5 mbliana anuas mar go bhfuil an cuairteoir Éireannach 'bocht agus go bhfuil aird acu ar chúrsaí ama' - teastaíonn ón gcustaiméir a mhéad saoirí is féidir leo a ghlacadh in aghaidh na bliana, ar feadh tréimhsí níos giorra, agus cuirtear iad in áirithe ag an nóiméad deireanach chun airgead a choigilt.

Cé go bhfuil an bonn óstán atá ann faoi láthair an-íseal, tá pleananna idirlámha faoi láthair chun an líon leapacha i gContae na Mí a mhéadú go suntasach le hostáin ar tí oscailt, á dtógáil nó a bhfuil cead pleanála fós i bhfeidhm chun iad a thógáil.

Is mian leis an Údarás Pleanála spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt ostán agus é seo a chothú in áiteanna oiriúnacha sa Chontae, d'fhonn freastal ar bhreis turasóirí go háitiúil agus líon níos mó turasóirí a mhealladh.



POLASÁÍ

POL EAC 56

Spreagadh a dhéanamh ar fhorbairt óstán agus é a chothú sa Chontae agus trí mheán phróiseas an Phlean Forbartha agus an Phlean Limistéir Áitiúil suíomhanna oiriúnacha a shainnadh chun forbairt a dhéanamh ar bhreis óstán agus úsáidí gaolmhara.

3.3.7 Tithe Saoire

Seachas an stráice talún ar an gcósta agus ar bhonn níos lú, an limistéar mórthimpeall Bhrú na Bóinne, níl an Contae faoi bhrú suntasach ó fhorbairt dara tithe nó tithe saoire. Beidh sé mar sprioc ag an Údarás Pleanála feidhm a bhaint as an bpoitéinseal forbartha agus na sochair shocheacnamaíochta a bhaineann le hearnáil na turasóireachta, lena n-áirítear an lóistín tithe saoire bainteach, agus fós féin a chinntiú nach ndéanann an fhorbairt sin dochar d'innmharthanacht, do cháilíocht chomhshaoil agus do charachtar an phobail nó líonra sráidbhailte sa limistéar. Déileáiltear leis an ábhar ar bhonn níos mionsonraí i Rannóg 6.7.7 den Chaibidil ar Straitéis Tuaithe.

POLASAITHE

POL EAC 57

Spreagadh ar fhorbairtí tithe saoire nua a lonnú i sráidbhailte nó i mbailte beaga seanbhunaithe agus / nó i mbailtí ceantair i limistéir thuaithe a bhfuil ar a gcumas a leithéid sin d'fhorbairtí a ghlacadh chucu féin.

POL EAC 58

Cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir caomhnú a dhéanamh ar charachtar agus ar scála a leithéid sin d'ionaid uirbeacha agus freastal a dhéanamh ar fhorbairt nua mar chuid de Phleananna Limistéir Áitiúil áirithe nó de Ráitis um Dhearadh Gráige áirithe.

POL EAC 59

Spreagadh a dhéanamh ar thograí chun athshuíomh, caomhnú nó / agus atógáil a dhéanamh ar áitribh as úsáid le haghaidh tithe saoire faoi réir na ngnáthbhreithniúcháin phleanála a bhaineann le dearadh, le rochtain shábháilte agus le soláthar aon áiseanna diúscartha dramhuisce.

POL EAC 60

Freastal a dhéanamh ar fhiontair ar scála beag, amhail athchóiriú ar sciobóil, ar chróite nó ar struchtúir reath a eile agus cúpla teach saoire a thógáil a chuirfí ar cíos le haghaidh tréimhsí gearra (níos lú ná 3 mhí ag aon am amháin chuig aon duine amháin / teaghlach amháin) bainteach le háit chónaithe bhuan atá ann faoi láthair nó feirm ghníomhach / fiontar talamhaíochta-turasóireachta. Beidh sé mar choinníoll ag gabháil le cead dá leithéid go gcoinneofaí na tithe saoire sin faoi úinéiracht an choimpléisc / áitbribh bhuan nach ndíolfaí é chun áitreabh buan ar leithligh a chruthú.

POL EAC 61

Freastal ar fhorbairtí atá suite go hiomchuí de réir mar a thiocfaidís chun cinn, faoi réir na ngnáthbhreithniúcháin phleanála i ndáil le suíomh agus dearadh i limistéar tuaithe 'ar limistéar faoi bhrú íseal forbartha é'.

3.3.8 Láithreacha Carabháin agus Campála

Aithníonn an tÚdarás Pleanála go bhfuil soláthar láithreán carabháin agus campála ina ghné thábhachtach de shocruithe lóistín na dturasóirí agus ba mhian leis an Údarás Pleanála go mbeadh soláthar lóistín turasóireachta agus cuairteora ann i ngach praghasraon a fheastalaódh ar stíleanna maireachtála éagsúla. Cibé scéal é, is féidir le láithreáin carabháin seasamh amach go feiceálach agus tógaint ó áilleacht an tírdhreacha agus ón gconláiste agus ar an gcúis sin cinneoidh an tÚdarás Pleanála nach mbeadh dearadh, feidhmiú agus tionchar a leithéidí sin de lóistín do thurasóirí agus do chuairteoirí ag cur isteach ar an gconláiste agus ar an tírdhreach mórthiompeall.

POLASAI

POL EAC 62

Breithniú a dhéanamh ar sholáthar láithreáin charabháin agus campála ag suíomhanna oiriúnacha áit a bhfuil siad i gcomhréir leis an Straitéis Lonnaíochta don Chontae agus a chinntiú go bhfuil leagan amach, dearadh agus conláiste tograí dá leithéid ar ardchaighdeán.

3.3.9 Comharthaíocht do Thurasóirí

Tá comharthaíocht ar cheann de na gnéithe ar tugadh an aird is lú uirthi ó thaobh tháirge na turasóireachta i gContae na Mí. Níl freastal maith déanta le haghaidh comharthaíochta a chuireann treoracha ar fáil, a chuireann fáilte roimh dhaoine agus a threoraíonn daoine ionaid léirithe oidhreacha sa chontae.

Chuir Meath LEADER II maoiniú ar fáil le go gcruthófaí branda don chontae agus ghlac Turasóireacht na Mí leis ina dhiaidh sin agus rinne é a ionchorprú ina chomharthaíocht ag áiteanna éagsúla sa chontae. Glacadh d'aontail le 'hOidhreacht' mar an USP (Unique Selling Proposition) ó tugadh isteach an branda a chuidigh le Turasóireacht an Mí an contae a bhrú ar aghaidh ó thaobh na turasóireachta de ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cibé scéal é, tá an chomharthaíocht nua fós in iomaíocht leis an

gcomharthaíocht reatha agus uaireanta is féidir le comharthaíocht atá as dáta mearbhall a chur ar dhaoine agus turasóirí a threorú ar an mbealach contrártha, ach de bheis air sin is teip é ar fhónamh a bhaint as na láidreachtaí foriomlána a bhaineann leis an ainm branda. Thabharfadh 'Comharthaíocht Fáilte' ag bealach isteach i mbailte na Mí, ar comharthaíocht í a bheadh comhtháite agus brandáilte, deiseanna ar fáil na croi-láidreachtaí atá ag an gcontae a chur in iúl, go háirithe maidir leis an mbaile i gceist. Mar thoradh, dhéanfaidh brandáil aonghnéitheach ar chomharthaíocht méar eolais daingniú ar uirlis mhargaíochta Thurasóireacht na Mí agus chomh maith leis sin chruthódh sé dea-iomhá dóibh siúd atá ar cuairt sa chontae.



Tá athrú ó bhonn tagtha ar bhonneagar bóithre Chontae na Mí le blianta beaga anuas agus tá sé seo fós amhlaidh. Cé go gcuireann seo in iúl go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh agus go bhfuil an Mhí níos inrochtana dá bharr, cuireann sé an deis ar fáil freisin gluaiseacht tríd an Mhí go gasta agus dá bhrí sin bheadh an Mhí ina 'dorchla-chontae'. De réir mar a thaistealaíonn daoine feadh phríomhbhóithre an chontae, eadhon an M1, N2, N3 agus M4 nó mar a stopann siad ag stáisiún traenach sa Mhí, seans gurb é seo an t-aon imprísean amháin a gheobhaidís faoin Mhí agus tá sé tábhachtach go ndéanfaí an Mhí a chur chun cinn mar cheann scríbe do thurasóirí. Is féidir é seo a bhaint amach i gcomhar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta agus le gníomhaireachtaí iomchuí eile ach comharthaí seirbhísí, comharthaíocht oidhreachta agus comharthaíocht d'ionaid turasóirí a sholáthar. Ar fhágáil na bpríomhbhóithre, ba chóir go mbeadh leanúnachas ann agus go mbeadh na comharthaí fós soiléir, beacht agus éasca le haimsiú. Ní chiallódh sé seo go mbeadh tuilleadh comharthaí i limistéir thuaithe mar go dtógann comharthaíocht ó charachtar na tuaithe. Is deis iontach é Bealach Tiomána na Bóinne le hoidhreachtaí shaibhir na Mí a chur ar taispeáint agus turasóirí a mhealladh chuig na hionaid nach bhfuil chomh cáiliúil le cinn eile, ar díol spéise iad do thurasóirí, ar fud an chontae uile. Mar thoradh air seo, bainfear leas as na sochair, amhail tuilleadh caiteachais ar chruthú fostaíochta, a d'fhéadfadh tuilleadh cuairteoirí a thabhairt chuig limistéir níos iargúlta den chontae. Tá an chomharthaíocht reatha, ámh, atá ar bhóithre tánaisteacha ina chomharthaíocht mhearbhallach mhíthreorach agus is beag an chomharthaíocht atá ann d'ionaid léirithe oidhreachta feadh an bhóthair.

Chuirfeadh soláthar ar chomharthaíocht aonchineálach d'ionaid léirithe oidhreachta - do idir Shéadchomharthaí Náisiúnta is reiligiú áitiúla an deis ar fáil branda an chontae a chur chun cinn. D'fhéadfaí eolas a chur ar fáil ar ag gcomharthaíocht d'ionaid léirithe níos mó maidir leis na hionaid níos lú chun ionaid ar díol spéise iad sa chomharsanacht a chur chun cinn - d'fhéidir ionaid nach raibh na cuairteoirí ar an eolas fúthu.

POLASAITHE

POL EAC 63

Oibriú le Turasóireacht na Mí agus le forais iomchuí eile in éascú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar thógáil comharthaíochta atá brandáilte agus caighdeánaithe le hghaidh áiseanna turasóireachta agus ionaid ar díol spéise iad do thurasóirí.

POL EAC 64

Athdhaingniú a dhéanamh ar chomharthaíocht an Chontae ach gníomhú go forfheidhmeach i gcoinne comharthaíocht neamhdhleathach.

3.3.10 Féilte

Is sa Mhí a tharlaíonn roinnt féilte mór le rá lena n-áirítear aonaigh ar an tsráid, amhail Scurlogstown Olympiad, the Blue Jeans Festival agus the Moynalty Steam Threshing festival. Is ann freisin atá an t-ionad do choirmeacha rac-cheoil i gCaisleán Shláine. Tá cúpla ráschúrsa cáiliúil ann lena n-áirítear Tigh na Síog, ina mbíonn an Irish Grand National gach bliain, Ráschúrsa na hUaimhe, Rásaí Bhaile Uí Bhileogaigh, agus Rásaí Trá na hInse, an t-aon rás oifigiúil ar an trá a réachtáiltear san Eoraip. Ar na himeachtaí eile a bhíonn ar siúl i gcónaí tá Féile Cruite agus Oidhreacht Uí Chearbhalláin, Féile Oidhreacht Cheanannais, Féile Chórúil na hUaimhe agus Ceoldráma Gairdín i Loch Craoibhe. Beidh sé mar pholasaí ag an Údarás Pleanála, spreagadh, cur chun cinn agus cuidiú le tionscnóirí agus iad ag reachtáil a leithéid seo d'imeachtaí sa Chontae.

POLASAÍ

POL EAC 65

Eagraithe atá ag reachtáil imeachtaí sa Chontae a spreagadh, a chothú agus cuidiú leo agus nuair atá gá le ceadúnas d'imeachtaí lasmuigh a chinntiú go gcomhlíonann siad forálacha Chuid XVI de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 – 2006.

3.3.11 Bealaí Siúlóide agus Rothaíochta

Déanfar ceart slí an phobail a chuireann go mór le conláistí an chontae agus le limistéir áitiúil a chosaint agus a chothú. Rachfar i mbun oibre ar bhealaí rothaíochta amhail an Tain Trail, ag nascadh limistéar Ráth Cruachan i Ros Comáin le Leithnis Chuaille i gContae Lú agus déanfar iad a fhorbairt. Éascófar bealaí do choisithe amhail an Chanáil Ríoga agus cosán tarraingthe na Bóinne agus déanfar iad a chaomhnú. Tacófar le bealaí eile a thiocfaidh chun cinn ó am go ham.

POLASAÍ

POL EAC 66

Éascú a dhéanamh ar fhorbairt sraith bealaí siúlóide agus raon rothair ar fud an Chontae lena n-áirítear comharthaíocht ag gabháil leo.

3.4 TIONÓISCÍ MÓRA A CHOSC

Baineann Treoir Seveso II 96/82/EC arna leasú ag Treoir 2003/105/EC le tionóiscí móra a chosc ina bhfuil substaintí contúirteacha i gceist agus teorannú a dhéanamh ar an iarmhairtí ar dhaoine daonna agus ar an gcomhshaol. Baineann an treoir le bunaíochtaí ina ndéantar substaintí contúirteacha a tháirgeadh, a úsáid, a láimhseáil agus a stóráil. Déanann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), I.R. Uimh. 74 de 2006 an Treoir seo a thrasú chuig dlí na hÉireann. Ainmíodh an tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde, ar a dtugtar an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte (HSA) anois ar an údarás inniúil d'fhorfheidhmiú na rialachán seo. Faoi lathair níol aon suíomh Seveso II i gContae na Mí.

Neamhchosúil le Treoir Seveso I (82/501/EEC), cuireann Seveso II san áireamh forálacha a bhaineann le pleanáil don úsáid talún. Éilíonn Airteagal 12 den Treoir go gcinnteodh ballstáit go gcuirfí na cuspóirí a bhaineann le mórthionóiscí a chosc agus teorannú ar iarmhairtí na dtionóiscí sin san áireamh i bpolasaithe talún agus i bpolasaithe ábhartha eile. Leagann Alt 10(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú amach liosta de chuspóirí éigeantacha atá le cur san áireamh sa phlean forbartha. Ceann de na cuspóirí seo ar ghá é a chur san áireamh ná rialú, le haird ar an bhforáil sa Treoir maidir le Mórthionóiscí, faoi aon achtú, ag tabhairt éifeachta don Treoir sin, ar:

- Shuíomh bunaíochtaí nua;
- Mhionathrú a dhéanamh ar bhunaíochtaí reatha, agus;
- Forbairt ar chomharsanacht na mbunaíochtaí sin;

ar mhaithe le laghdú a dhéanamh ar an mbaol, nó teorannú a dhéanamh ar iarmhairtí, mórthionóisce.

D'fhonn a bhunú cibé acu a bhfuil feidhm ag an Rialachán i gcás aon bhunaíochta nó nach bhfuil, an príomhchritéir ar ghá í a mheas ná cibé acu an bhfuil substaintí contúirteacha ann i gcainníochtaí atá cothrom leo sin atá liostáilte i gCéad Sceideal na Rialachán nó á sárú. Tá dhá shraith tionscal ann; uas-sraitheanna agus íos-sraitheanna, ag brath ar chainníocht na substaintí atá in úsáid acu, á láimseáil acu nó atá stóráilte ar an suíomh. Éilíonn na rialacháin dualgais éagsúla ar oibrithe na mbunaíochtaí uas-sraitheanna agus íos-sraitheanna.

Éilíonn bunaíochtaí san uas-sraith:

- Go gcuirfí i bhfios don HSA agus don Údarás Pleanála Áitiúil go bhfuil siad ar an bhfód agus eolas a sholáthar maidir leo seo a leanas;
 - fardal de shubstaintí contúirteacha;
 - cineál na gníomhaíochta atá idir lámha, agus;
 - an timpeallacht mhórthimpeall na bunaíochta.
- Na bearta go léir a ghlacadh chun mórthionóisce a chosc agus teorannú a dhéanamh ar iarmhairtí aon tionóisce do dhaoine nó don chomhshaol;
- Polasaí um chosc mórthionóisce a ullmhú agus a chur i bhfeidhm;
- Feidhmiú i gcás mórthionóisce, agus;
- Clár a choinneáil de thionóiscí infhógartha.

Áiríonn na dualgais atá ar bhunaíochtaí san uas-sraith na dualgais atá liostáilte thuas don íos-sraith agus chomh maith leis sin:

- Tuarascáil Sábháilteachta a chur ar fáil;
- Plean éigeandála inmheánacha a ullmhú;
- Eolas a sholáthar dóibh siúd atá freagrach as pleananna éigeandála lasmuigh den suíomh, agus;
- Eolas a sholáthar don phobal maidir le sábháilteacht.

POLASAITHE

Maidir leis an reachtaíocht a bhaineann le Mórthionóiscí a Chosc (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist), tá sé mar pholasaí ag an gComhairle:

POL EAC 67

Treoir Seveso II a chomhlíonadh maidir le maolú an riosca agus teorannú a dhéanamh ar na hiarmhairtí poitéinsiúla ar mhórthionóiscí tionsclaíochta.

POL EAC 68

Cead pleanála a éileamh maidir le mionathruithe ar bhunaíochtaí reatha áit a bhfuil cineál agus cainníocht na substaintí dainséaracha a ndéantar láimhseáil orthu, a úsáidtear nó a stóráiltear ar an suíomh a athrú.

POL EAC 69

A chinntiú go gcuireann na polasaithe maidir le húsáid talún san áireamh an gá atá ann faid iomchuí a choinneáil idir bunaíochtaí ina bhfuil an baol ann go dtarlódh mórthionóisc ghuaiseach agus limistéir áineasa, limistéir úsáide poiblí agus limistéir a bhfuil íogaire nádúrtha ar leith ag baint leo nó ar díol spéis ar leith iad.

POL EAC 70

Aird ar chomhairle a thabhairt don Údarás Sábháilteachta agus Sláinte nuair atá tograí nua le haghaidh suíomhanna SEVESO á mbreithniú.

Critéir Measúnaithe Suímh

Nuair atá measúnú á dhéanamh ar iarratais phleanála le haghaidh substaintí guaiseacha, beidh aird ag an gComhairle ar:

- Treoir agus ar Rialacháin Mórthionóisce SEVESO;
- Comhairle chineálach an HSA maidir le pleanáil úsáide talún;
- Tionchair neamhfhabhracha phoitéinsiúla ar shláinte agus ar shábháilteacht phoiblí, agus;
- An gá atá ann fad sábháilte iomchuí a choinneáil idir limistéir chónaithe, limistéir úsáide poiblí agus limistéir a bhfuil íogaire nádúrtha ar leith ag baint leo.